



An Bhruiséil, 10 Nollaig 2024  
(OR. en)

15834/1/24  
REV 1

LIMITE

COPEN 492  
JAI 1691  
CATS 107  
EJN 32  
EVAL 27  
EUROJUST 89

## NÓTA

---

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	<b>TUARASCÁIL CHRÍOCHNAITHEACH MAIDIR LEIS AN DEICHIÚ BABHTA DE MHEASTÓIREACHTAÍ FRITHPHÁIRTEACHTA maidir le cur chun feidhme an Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh (OIE)</b>

---

I gcomhréir le hAirteagal 2 de Gníomhaíocht Chomhpháirteach 97/827/CGB an 5 Nollaig 1997<sup>1</sup>, d'aontaigh an Coiste Comhordúcháin i réimse an chomhair póilíneachta agus bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla (CATS) tar éis nós imeachta neamhfhoirmiúil tar éis an chruinnithe a bhí aige an 10 Bealtaine 2021, go ndíreofaí leis an deichiú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha ar chur chun feidhme Threoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla (an Treoir).

Sa tuarascáil chríochnaitheach, a d'ullmhaigh Ardrúnaíocht na Comhairle thar ceann na hUachtaránachta, déantar achoimre ar phríomhthorthaí, príomhchonclúidí agus príomhmholtaí na dtuarascálacha tíre aonair agus leagtar amach moltaí chuig na Ballstáit agus chuig institiúidí agus comhlachtaí an Aontais. Cuirtear i dtábhacht sa tuarascáil chríochnaitheach freisin roinnt dea-chleachtas a sainaitníodh i gcomhthéacs na meastóireachtaí ar féidir iad a chomhroinnt idir na Ballstáit.


---

<sup>1</sup> Gníomhaíocht Chomhpháirteach an 5 Nollaig 1997 arna glacadh ag an gComhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, lena mbunaítear sásra chun meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus cur chun feidhme na ngealltanais idirnáisiúnta i gcomhrac na coireachta eagraithe ar an leibhéal náisiúnta.

Tar éis an chruinnithe a bhí aige an 5 Samhain 2024 agus nósanna imeachta i scríbhinn a foilsíodh ina dhiaidh sin, d'fhorhuinigh CATS an tuarascáil chríochnaitheach an 21 Samhain 2024.

Cuirtear Coreper/an Chomhairle ar an eolas faoi thorthaí an 10ú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha a áirítear sa tuarascáil chríochnaitheach a leagtar amach san Iarscríbhinn.

I gcomhréir le hAirteagal 8(4) den Ghníomhaíocht Chomhpháirteach thuasluaite, cuirfear an tuarascáil chríochnaitheach ar aghaidh freisin chuig Parlaimint na hEorpa mar eolas.



**TUARASCÁIL CHRÍOCHNAITHEACH MAIDIR LEIS  
AN DEICHIÚ BABHTA DE MHEASTÓIREACHTAÍ FRITHPHÁIRTEACHA  
maidir le cur chun feidhme an Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh (OIE)**

## Clár Ábhar

<b>1. ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN.....</b>	<b>7</b>
<b>2. RÉAMHRÁ.....</b>	<b>11</b>
<b>3. ÚDARÁIS INNIÚLA .....</b>	<b>13</b>
<b>3.1. Údaráis eisiúna agus fhorghníomhaitheacha.....</b>	<b>13</b>
<b>3.2. Ceart an duine atá faoi amhras nó atá cúisithe nó ceart íospartaigh iarratas a dhéanamh ar OIE.....</b>	<b>15</b>
<b>4. RAON FEIDHME OIE AGUS AN BHAINT ATÁ AIGE LE HIONSTRAIMÍ EILE... 18</b>	<b>18</b>
<b>4.1. OIE agus ionstraimí eile.....</b>	<b>18</b>
<b>4.2. OIE i ndáil le malartú faisnéise.....</b>	<b>20</b>
<b>4.3. OIE i ndáil le céimeanna éagsúla na n-imeachtaí .....</b>	<b>21</b>
<b>5. ÁBHAR AGUS FOIRM .....</b>	<b>23</b>
<b>5.1. Dúshlámh ghinearálta .....</b>	<b>23</b>
<b>5.2. Córas teanga agus saincheisteanna a bhaineann leis an aistriúchán .....</b>	<b>26</b>
<b>6. TARCHUR OIE AGUS TEAGMHÁIL DHÍREACH.....</b>	<b>29</b>
<b>6.1. Sainaithint an údaráis inniúil fhorghníomhaithigh.....</b>	<b>29</b>
<b>6.2. Modhanna tarchuir .....</b>	<b>31</b>
<b>6.3. Teagmháil dhíreach.....</b>	<b>33</b>
<b>6.4 Oibleagáid maidir le faisnéis a thabhairt – Iarscríbhinn B.....</b>	<b>33</b>
<b>7. RIACHTANAS, COMHRÉIREACHT AGUS DUL I MUINÍN CINEÁL EILE BIRT IMSCRÚDAITHIGH.....</b>	<b>35</b>
<b>8. AITHINT AGUS FORGHNÍOMHÚ OIE, NA FOIRMIÚLACHTAÍ AGUS INGLACTHACHT FIANAISE .....</b>	<b>37</b>
<b>8.1. Aithint agus forghníomhú i gcomhréir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh.....</b>	<b>37</b>
<b>8.2. Comhlíontacht na bhfoirmiúlachtaí agus inghlacthacht fianaise .....</b>	<b>38</b>
<b>8.3. Teorainneacha ama agus práinne .....</b>	<b>39</b>
<b>8.4. Costais.....</b>	<b>41</b>
<b>9. RIAIL NA SPEISIALTEACHTA .....</b>	<b>43</b>

9.1. Úsáid fianaise in imeachtaí eile ag an Stát eisiúna .....	43
9.2. Imscrúduithe coiriúla nua a thionscnamh tar éis OIE a fhorghníomhú .....	44
<b>10. FORAIS LE NEAMHAITHINT NÓ LE NEAMH-FHORGHNÍOMHÚ .....</b>	<b>46</b>
10.1. Ginearálta.....	46
10.2. Coiriúlacht dhúbailte .....	49
10.3. <i>Ne bis in idem</i> .....	50
10.4. Díolúintí nó pribhléidí .....	50
10.5. Cearta bunúsacha .....	52
<b>11. LEIGHEASANNA DLÍ .....</b>	<b>54</b>
11.1. Leigheasanna dlí sa Stát eisiúna agus sa Stát forghníomhaitheach .....	54
11.2. Na breithiúnais <i>Gavanozov</i> .....	55
<b>12. BEARTA SONRACHA INFHEISTÍOCHTA.....</b>	<b>59</b>
12.1. Ginearálta.....	59
12.2. Aistriú sealadach.....	60
12.3. Éisteacht trí fhíschomhdháil .....	62
12.3.1. Éisteacht an duine atá faoi amhras/cúisithe ag céimeanna an imscrúdaithe agus na trialach chun críoch fianaiseach. ....	63
12.3.2. Éisteacht trí fhíschomhdháil chun rannpháirtíocht an duine chúisithe sa phríomhchás a áirithiú.....	65
12.3.3. Éisteacht trí fhíschomhdháil gan OIE a eisiúint.....	68
12.3.4. Dúshláin phraiticiúla .....	69
12.4. Éisteacht trí theileachomhdháil.....	70
12.5. Faisnéis faoi chuntais bhainc agus cuntais airgeadais eile agus faoi oibríochtaí bainc éireachta agus airgeadais eile .....	71
12.6. Idircheapadh teileachumarsáide .....	73
12.6.1. Brí agus raon feidhme ‘idircheapadh teileachumarsáide’ .....	74
12.6.2. An sásra maidir le fógra a thabhairt faoi Airteagal 31 .....	75
12.6.3. Tarchur idircheapthaí .....	77

12.7. Faireachas trasteorann.....	78
12.8. Imscrúduithe rúnda .....	79
13. STAIDREAMH.....	82
14. OILIÚINT.....	84
15. LIOSTA NA MOLTAÍ.....	89
15.1. Moltaí do na Ballstáit.....	89
15.2. Moltaí don Choimisiún, do EJM, do EJTN agus do Eurojust.....	94

## 1. ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Díríodh leis an deichiú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha ar Threoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla (an Treoir).<sup>2</sup> Freagairt a bhí sa Treoir ar ghá praiticiúil a sainithníodh go soiléir le córas cuimsitheach, bunaithe ar aitheantas frithpháirteach, chun fianaise a fháil i gcásanna a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo. Tháinig an córas sin in ionad an chórais bailithe fianaise ilroinnte a bhí ann roimhe sin agus cuireadh san áireamh leis solúbthacht an chórais thraidisiúnta um chúnamh dlíthiúil frithpháirteach (MLA).

Ba é ab aidhm don mheastóireacht breithniú a dhéanamh ní hamháin ar na saincheisteanna dlí ach ar na gnéithe praiticiúla agus oibríochtúla a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach freisin. Deis luachmhar a bhí inti réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú agus dea-chleachtais a d'fhéadfaí a chomhroinnt idir na Ballstáit a shainathint<sup>3</sup>.

Léiríodh leis an mbabhta meastóireachtaí seo gur minic a úsáideann na Ballstáit an Treoir agus go n-oibríonn sí go maith i gcleachtas ar an iomlán, go príomha mar gheall ar chur chuige pragmatach solúbtha na n-údarás inniúil i leith an Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh (OIE) a chur i bhfeidhm. Is léir ó na dea-chleachtais iomadúla a sainithníodh le linn na meastóireachtaí sin tiomantas na mBallstát feidhmiú éifeachtúil na hionstraime sin a áirithiú, agus na cleachtais ar fad dírithe ar an gcomhar breithiúnach i mbailiú fianaise a fheabhsú.

Mar sin féin, sainithníodh príomhréimsí le feabhsú agus le forbairt nach mór aghaidh a thabhairt orthu ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.

Ceann de phríomhchonclúidí na meastóireachta sin is ea go mbainfeadh na saincheisteanna criticiúla seo a leanas tairbhe as soiléiriú nó idirghabháil i reachtaíocht an Aontais.

---

<sup>2</sup> Leasaíodh an Treoir faoi dhó, faoi Threoir (AE) 2022/228 a mhéid a bhaineann lena hailíniú le rialacha an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint, agus faoi Threoir (AE) 2023/2843, a mhéid a bhaineann le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh.

<sup>3</sup> Níl feidhm ag OIE maidir leis an Danmhairg ná maidir le hÉirinn, dá bhrí sin ní raibh siad mar chuid den bhabhta meastóireachta sin.

Cur i bhfeidhm (nó neamhchur i bhfeidhm) riail na speisialtachta. Faoi láthair, measann roinnt Ballstát gur gá toiliú an Stáit fhorghníomhaigh a fháil chun úsáid a bhaint as an bhfianaise a bhailítear trí OIE in imeachtaí coiriúla éagsúla; tá Ballstáit eile den tuairim nach bhfuil feidhm ag riail na speisialtachta i gcomhthéacs OIE. Chun comhsheasmhacht a áirithiú maidir leis an gceist thábhachtach sin, iarrtar ar an gCoimisiún a shoiléiriú an bhfuil feidhm ag riail na speisialtachta i gcomhthéacs OIE nó nach bhfuil, trí thogra reachtach a thíolacadh, más gá sin, chun an Treoir a leasú.

Idircheapadh teileachumarsáide. Dearbhaíodh sna meastóireachtaí go bhfuil cineálacha éagsúla cur chuige ag na Ballstáit i leith cé acu a thagann nó nach dtagann bearta faireachais a dhéantar trí mhodhanna teicniúla, mar shampla rianú GPS agus bugáil feithiclí, faoin gcoincheap ‘idircheapadh teileachumarsáide’. Tá deacrachtaí suntasacha ag baint leis an éiginnteacht sin, go háirithe maidir le cur i bhfeidhm an tsásra fógartha dá bhforáiltear in Airteagal 31 den Treoir. Dá bhrí sin, tá iarrtha ag na foirne meastóireachta ar an gCoimisiún togra reachtach a thíolacadh chun an Treoir a leasú agus chun an coincheap ‘idircheapadh teileachumarsáide’ a shoiléiriú. Mar sin féin, chuir formhór mór na gcleachtóirí agus na saineolaithe in iúl gur cheart cúnaimh a thabhairt do bhearta faireachais mar shampla rianú GPS agus bugáil feithiclí trí shásra fógartha atá cosúil leis an sásra dá bhforáiltear in Airteagal 31 den Treoir i gcásanna nach bhfuil gá le cúnaimh teicniúil ón mBallstát ina bhfuil sprioc an bhirt lonnaithe.

Faireachas trasteorann agus Airteagal 40 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme (CISA). Léiríodh go bhfuil fadhbanna go leor ag baint leis an gcaidreamh idir an Treoir agus Airteagal 40 CISA i réimse an fhaireachais trasteorann. Tá difríochtaí idir na Ballstáit maidir le cé acu atá nó nach bhfuil faireachas trasteorann ina bheart comhair póilíneachta nó ina bheart comhair bhreithiúnaigh agus a mhéid atá sin amhlaidh. Tá na cleachtóirí agus na saineolaithe ar aon intinn go bhfuil gá le leasú reachtach chun a shoiléiriú an bhfuil feidhm ag an Treoir maidir le faireachas trasteorann a dhéantar chun fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla.

OIE i ndáil le malartuithe faisnéise. Baineann bearna sa Treoir a chuir roinnt Ballstát i dtábhacht le linn na meastóireachtaí le héagmais forála lena rialaítear an nós imeachta lena bhféadfar OIE a eisiúint agus a fhorghníomhú chun toiliú a iarraidh agus a dheonú chun úsáid a bhaint as faisnéis a comhroinneadh roimhe sin idir údarais forfheidhmithe dlí, nó trí mhalartú faisnéise spontáineach, mar fhianaise in imeachtaí coiriúla. Tá sin ábhartha go háirithe i gcásanna ina gceanglaítear leis an *lex fori* gur cheart toiliú a fháil le haghaidh faisnéis a cuireadh ar fáil cheana féin idir póilíní, atá le húsáid mar fhianaise in imeachtaí coiriúla.

Iarscríbhinn A. Tá sé iarrtha ag cleachtóirí ó roinnt Ballstát go ndéanfaí idirghabháil reachtach darb aidhm Iarscríbhinn A a dhéanamh níos so-úsáidte agus tá roinnt leasuithe féideartha molta acu, a d'fhágfadh, dar leo, go mbeadh sé níos éasca Iarscríbhinn A a chomhlánú agus go bhfeabhsófaí an chumarsáid idir na húdaráis eisiúna agus na húdaráis fhorghníomhaitheacha.

Ábhar eile a pléadh go mion le linn na meastóireachtaí is ea úsáid físchomhdhála chun rannpháirtíocht an chúisí i dtrial ó Bhallstát eile a áirithiú. Déanann roinnt Ballstát OIEnna a eisiúint agus a fhorghníomhú chun rannpháirtíocht chianda an chúisí sa trial trí fhíschomhdháil a áirithiú, agus tá Ballstáit eile den tuairim nach dtagann sin faoi raon feidhme na Treorach, ós rud é nach mbíonn baint aige sin (i gcónaí) le bailiú fianaise. Ina theannta sin, tá sé curtha in iúl ag roinnt Ballstát go bhfuil amhras orthu faoi chomhoiriúnacht rannpháirtíocht chianda an chúisí i dtrial trí fhíschomhdháil leis an gceart chun trial chóir a fháil agus le prionsabail ghinearálta a gcóras dlí náisiúnta. Tugadh le fios sna meastóireachtaí, áfach, gur fiú tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar an ábhar sin chun teacht ar réitigh reachtacha a d'fhéadfadh a bheith ann ar leibhéal an Aontais.

Cé gur glacadh an Treoir d'fhonn go mbeadh aon ionstraim amháin chun críoch bailithe fianaise ann, is minic a thagann cleachtóirí ar OIEnna á n-eisiúint (i bpáirt) chun críoch eile. Tá cásanna ann freisin nuair nach mbíonn cuspóir an bhirt atá á iarraidh soiléir nó nuair is féidir leis athrú le linn an imscrúdaithe, mar shampla i gcás sócmhainní arna n-urghabháil chun críoch bailithe fianaise a d'fhéadfadh – ag céim níos déanaí – a bheith faoi réir reo chun críche coigistithe. Ba mhór ag na Ballstáit tuilleadh treorach ar leibhéal an Aontais maidir le raon feidhme OIE agus a idirghaol le hionstraimí eile comhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla.

Cuireadh roinnt moltaí oibríochtúla faoi bhráid na mBallstát freisin d'fhonn muinín fhrithpháirteach a neartú a thuilleadh agus cur le cur i bhfeidhm rianúil OIE. I ndáil leis an méid sin, moladh do na Ballstáit *inter alia* speisialtóireacht a chur chun cinn i measc a n-údarás inniúil; a áirithiú go soláthróidh na húdaráis eisiúna tuairisc atá struchtúrtha go soiléir agus sothuigte ar na fíorais agus na bearta a iarrtar in Iarscríbhinn A, maille le haistriúchán sásúil; córas teanga níos solúbtha a ghlacadh; tús áite a thabhairt do theagmháil dhíreach idir údaráis eisiúna agus údaráis fhorghníomhaitheacha agus do chur chun feidhme iomlán na nósanna imeachta comhairliúcháin mar a bheartaítear sa Treoir agus feabhas a chur ar chomhlíonadh na dteorainneacha ama chun OIE a fhorghníomhú agus na bhfoirmiúlachtaí a iarrann na húdaráis eisiúna.

Ar deireadh, is fiú a thabhairt faoi deara gur beag cás a thuairiscigh cleachtóirí le linn na meastóireachtaí inar agraíodh forais le neamhthreocht nó le neamh-fhorghníomhú i gcomhthéacs OIE. Is annamh a cuireadh i bhfeidhm riamh an foras le haghaidh neamh-fhorghníomhú maidir le sárú ar chearta bunúsacha – dá bhforáiltear anois, den chéad uair, in ionstraim aitheantais fhrithpháirtigh. Mar sin féin, cé gur roghnach iad na forais uile le neamh-fhorghníomhú sa Treoir, tá roinnt Ballstát tar éis iad go léir nó cuid díobh a dhéanamh sainordaitheach ina reachtaíocht trasuite. Ina theannta sin, tá forais bhreise maidir le neamh-fhorghníomhú tugtha isteach ag roinnt Ballstát nach bhforáiltear dóibh sa Treoir. Moladh go ndéanfadh na Ballstáit a reachtaíocht trasuite a ailíniú leis an Treoir.

## 2. RÉAMHRÁ

Le glacadh Gníomhaíocht Chomhphárteach 97/827/CGB an 5 Nollaig 1997<sup>4</sup> (an Gníomhaíocht Chomhphárteach), bunaíodh sásra chun meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus cur chun feidhme na ngealltanais idirnáisiúnta i gcomhrac na coireachta eagraithe ar an leibhéal náisiúnta.

I gcomhréir le hAirteagal 2 den Gníomhaíocht Chomhphárteach, d'aontaigh an Coiste Comhordúcháin i réimse an chomhair póilíneachta agus bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla (CATS) tar éis nós imeachta neamhfhoirmiúil tar éis an chruinnithe a bhí aige an 10 Bealtaine 2021, gur ar OIE a dhíreofaí leis an deichiú babhta de mheastóireachtaí frithphárteacha.

Trí easnaimh agus réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú agus an Treoir á cur i bhfeidhm a shainaitheint, mar aon le dea-chleachtais, bhí sé d'aidhm ag an mbabhta seo meastóireachtaí a áirithiú go gcuirfí prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtaí agus níos comhsheasmhaí ag gach céim d'imeachtaí coiriúla ar fud an Aontais.

Dá neartófaí cur chun feidhme comhsheasmhach éifeachtach na Treorach, chuirfí a thuilleadh leis an muinín fhrithphárteach i measc údarais inniúla na mBallstát agus d'fheabhsófaí feidhmiú an chomhair bhreithiúnaigh trasteorann in ábhair choiriúla i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais. Ina theannta sin, d'fhéadfadh ionchur fóinteach teacht as an bpróiseas meastóireachta sin do na Ballstáit agus an Treoir á cur chun feidhme acu.

Mar a fhoráiltear in ord na gcuartheanna ar na Ballstáit a ghlac CATS an 29 Meitheamh 2022 trí nós imeachta tosta<sup>5</sup>, cuireadh tús leis na cuairteanna ar an láthair i mí Eanáir 2023 agus tháinig deireadh leo i mí Aibreáin 2024.

---

<sup>4</sup> Gníomhaíocht Chomhphárteach an 5 Nollaig 1997 arna glacadh ag an gComhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, lena mbunaítear sásra chun meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus cur chun feidhme na ngealltanais idirnáisiúnta i gcomhrac na coireachta eagraithe ar an leibhéal náisiúnta.

<sup>5</sup> 10119/22.

I gcomhréir le hAirteagal 3 den Ghníomhaíocht Chomhpháirteach, tharraing an Uachtaránacht suas liosta saineolaithe le haghaidh na meastóireachtaí atá le déanamh, bunaithe ar shaineolaithe a bhfuil eolas substaintiúil acu sa réimse a chumhdaítear leis an meastóireacht a bheith ainmnithe ag na Ballstáit. Triúr saineolaithe náisiúnta a bhí ar an bhfoireann meastóireachta, agus tacaíocht acu ó bhall foirne amháin nó níos mó ó Ardrúnaíocht na Comhairle agus ó bhreathnóirí. Le haghaidh an bhabhta seo de mheastóireachtaí frithpháirteacha, comhaontaíodh gur cheart cuireadh a thabhairt don Choimisiún Eorpach agus do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) a bheith ina mbreathnóirí<sup>6</sup>.

Sa tuarascáil seo, a d'ullmhaigh Ardrúnaíocht na Comhairle thar ceann na hUachtaránachta, déantar achoimre ar phríomhthorthaí, príomhchonclúidí agus príomhmholtaí na dtuarascálacha tíre aonair agus leagtar amach moltaí chuig na Ballstáit agus chuig institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, agus na moltaí a sainaitníodh mar na moltaí is ábhartha agus/nó is coitianta sna tuarascálacha ar na Ballstáit a ndearnadh meastóireacht orthu á gcur san áireamh. Cuirtear i dtábhacht i dtéacs na tuarascála freisin roinnt dea-chleachtas a sainaitníodh i gcomhthéacs an bhabhta seo meastóireachtaí ar féidir iad a chomhroinnt idir na Ballstáit.

---

<sup>6</sup> 10119/22.

### 3. ÚDARÁIS INNIÚLA

#### 3.1. Údaráis eisiúna agus fhorghníomhaitheacha

In Airteagal 2 den Treoir, tugtar sainmhíneithe ar cad is údarás eisiúna agus údarás fhorghníomhaitheach ann i gcomhthéacs OIE. I gcomhréir leis an Treoir, is féidir le breitheamh, cúirt, breitheamh imscrúdaithe nó ionchúisitheoir poiblí, nó údarás inniúil eile mar atá sainithe ag an Stát eisiúna, atá ag gníomhú ina cháil mar údarás imscrúdaithe in imeachtaí coiriúla (mar shampla, na póilíní nó údarás riaracháin) a bheith ina údarás eisiúna. I gcás ina ngníomhaíonn údarás riaracháin mar údarás eisiúna, caithfidh OIE a bheith bailíochtaithe i gcónaí ag údarás breithiúnach sula dtarchuirtear chuig an Stát forghníomhaitheach é.<sup>7</sup> Tháinig soiléiriú breise ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh<sup>8</sup> nach féidir le hionchúisitheoir poiblí OIEnna atá ag iarraidh sonraí tráchta agus suímh a bhaineann le teileachumarsáid a fháil a eisiúint, más amhlaidh i gcás intíre comhchosúil, gur ag an mbreitheamh atá inniúlacht eisiach beart imscrúdaitheach a ghlacadh chun rochtain ar shonraí mar sin a lorg. Ba léir, áfach, go bhfuil roinnt Ballstát fós i mbun reachtaíocht náisiúnta a leasú chun cloí leis an mbreithiúnas sin agus go bhfuil roinnt Ballstát eile, tar éis an bhreithiúnais sin, tar éis cleachtas a thabhairt isteach lena gceanglaítear an cinneadh foluiteach ón gcúirt ina n-ordaítear an beart imscrúdaitheach, nó iarrann siad ar an Stát eisiúna é a tharchur.

Údarás forghníomhaitheach is ea údarás a bhfuil an inniúlacht aige OIE a aithint agus a áirithiú go bhforghníomhaítear é i gcomhréir leis an Treoir agus na nósanna imeachta is infheidhme i gcás intíre comhchosúil.

Ina theannta sin, tugann an Treoir an rogha do na Ballstáit údarás lárnach (nó roinnt údarás lárnach) a ainmniú chun cabhrú leis na húdaráis inniúla. Chomh maith leis sin, féadfaidh Ballstát freagracht a chur ar a údarás lárnach/a údaráis lárnacha as tarchur agus glacadh riarthach OIEnna, agus as comhfhreagras oifigiúil eile a bhaineann leo (Airteagal 7(3) den Treoir).

<sup>7</sup> Féach breithiúnais bhreise ón gCúirt Bhreithiúnais i gcás C-584/19 PPU Staatsanwaltschaft Wien/A. agus páirtithe eile, agus i gcás C- 16/22 Staatsanwaltschaft Graz, agus i gcás C- 670/22 M.N. (EncroChat).

<sup>8</sup> Breithiúnas i gcás C- 724/19 Imeachtaí coiriúla i gcoinne HP.

Agus an Treoir á trasú acu, níorbh ionann an tslí a d'eagraigh na Ballstáit tarchur agus glacadh OIEnna. Is léir i gcoitinne ón meastóireacht áfach, go bhfuil córas ag formhór na mBallstát ina bhfuil an inniúlacht ag ionchúisitheoir OIE a eisiúint nó a bhailíochtú le linn na céime réamhthrialach, agus go bhfuil an inniúlacht ag an gcúirt agus/nó breitheamh OIE a eisiúint le linn chéim na trialach. Tá a mhacasamhail de chur chuige ann agus OIEnna á bhforghníomhú, cé nach aon rud as an ngnáth é do na Ballstáit údarás inniúil amháin a bheith ceaptha acu chun cinneadh a dhéanamh maidir le haithint agus forghníomhú OIE (oifig an ionchúisitheora go minic), a fhéadfaidh é a chur ar aghaidh chuig údarás eile lena fhorghníomhú i gcomhréir le nósanna imeachta náisiúnta.

Tá údarás lárnach nó údarás lárnacha ceaptha ag roinnt Ballstát, ach tá éagsúlacht mhór ann ó thaobh a gcuid inniúlachtaí. Ar an iomlán, tugadh faoi deara, i gcás inar ainmníodh an Aireacht Dlí agus Cirt ina údarás lárnach, go raibh a hinniúlacht teoranta do chúraimí staidrimh nó do theagmháil dhíreach idir údarás eisiúna agus údarás fhorghníomhaitheacha a éascú i gcás inar ghá sin. Tá Ballstáit ann nach bhfuil aon údarás lárnach ainmnithe go foirmiúil iontu ach a bhfuil córas thar a bheith láraithe fós féin acu lena gceanglaítear ar gach OIE isteach agus amach gabháil trí údarás aonair. Is minic gur oifig ionchúisitheora é an t-údarás aonair sin agus fuarthas amach go bhfuil ról níos substaintiúla acu agus seiceálacha cáilíochta agus ionchur suntasach eile ar gach ábhar a bhaineann le OIE á soláthar go minic acu.

Gan beann ar cé acu na húdarás a measadh a bheith inniúil chun OIEnna a eisiúint/a fhorghníomhú sna Ballstáit éagsúla, léiríodh leis an 10ú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha go mbíonn tionchar an-dearfach ag ardleibhéal speisialtóireachta ar OIE a chur i bhfeidhm go rathúil sa chleachtas. Tá go leor dea-chleachtas ina leith sin sainaitheanta ag na foirne meastóireachta. Moladh na Ballstáit as ionchúisitheoirí, breithiúna, cléirigh agus údarás imscrúdaitheacha a bheith acu le speisialtóireacht sa chomhar idirnáisiúnta, agus tarraingíodh aird ar leith ar na haonaid speisialaithe a bunaíodh atá freagrach as OIEnna a eisiúint agus/nó a fhorghníomhú agus an tairbhe ar leith a bhaineann leo. Tá sé curtha in iúl ag cleachtóirí nach mbíonn ag plé le OIEnna ó lá go lá chomh buíoch is atá siad go bhfuil an deis acu comhairle a lorg óna gcomhghleacaithe speisialaithe lena áirithiú go gcuirtear OIE i bhfeidhm i gceart agus ar bhealach comhsheasmhach. Ina theannta sin, bíonn an chumarsáid idir údarás eisiúna agus údarás fhorghníomhaitheacha níos fearr ach méid áirithe speisialtóireachta a bheith ag an dá thaobh.

Ar an taobh eile, baineadh de thátal i roinnt tuarascálacha tíre go raibh moladh ag teastáil chun déileáil leis an easpa speisialtóireachta. Cé gur moladh go leor Ballstát as an ardleibhéal speisialtóireachta a bhí in údarás inniúil amháin, bhí sé níos eisceachtúla an leibhéal céanna speisialtóireachta a fháil sna húdaráis inniúla go léir eile a bhí ag déileáil le OIE sa Bhallstát sin.

Ar ndóigh, bhí an comhordú idir na húdaráis (speisialaithe) éagsúla in aon Bhallstát chomh tábhachtach céanna chun fianaise a fháil go rathúil in imscrúduithe trasteorann. Is minic, i gcás OIEnna a iarrann an iliomad beart imscrúdaitheach, go gcaitheann roinnt mhaith údarás forghníomhaitheach na bearta sin a fhorghníomhú ag brath, mar shampla, ar an gcineál birt a iarrtar agus/nó ar an nasc críochach. Ó thaobh na heisiúna de, thagair na Ballstáit do na dúshláin a bhain le OIEnna a iarrann bearta imscrúdaitheacha iomadúla, ar nós teagmháil dhíreach a dhéanamh leis na húdaráis uile lena mbaineann sa Stát forghníomhaitheach agus forléargas cuimsitheach ar staid forghníomhaithe OIE a fháil. Iarradh go mbeadh níos mó comhordaithe ann i measc na bpáirtithe uile a bhíonn ag déileáil le OIE. Is den ríthábhacht é comhordú críochnúil ar an leibhéal náisiúnta sa Stát forghníomhaitheach, ní hamháin idir na húdaráis forghníomhaitheacha éagsúla ar an leibhéal breithiúnach, ach ar leibhéal na bpóilíní chomh maith. Den mheon céanna, tugadh moladh do na Ballstáit a bhfuil socrúithe soiléire acu maidir leis an údarás atá freagrach as forghníomhú OIEnna a chomhordú as an gcleachtas sin a bheith acu.

### **3.2. Ceart an duine atá faoi amhras nó atá cúisithe nó ceart íospartaigh iarratas a dhéanamh ar OIE**

De réir Airteagal 1(3) den Treoir, féadfaidh duine atá faoi amhras nó atá cúisithe, nó dlíodóir thar a gceann, a iarraidh go n-eiseofar OIE. Níor ardaíodh aon saincheist dála trasuí na forála sin sna Ballstáit. Cé go bhfacthas difríochtaí sna nósanna imeachta i dtrácht, ceadaíonn na Ballstáit uile a ndearnadh meastóireacht orthu do dhaoine atá faoi amhras nó atá cúisithe a iarraidh go mbaileofaí fianaise, lena n-áirítear trí bhíthin OIE.

Go praiticiúil, áfach, is fíorannamh a bhaineann an chosaint úsáid as an bhféidearthacht sin in aon Bhallstát. Tarraingíodh aird na meastóirí ar roinnt de na cúiseanna leis sin. Ar an gcéad dul síos, luaigh ionadaithe ó roinnt comhlachas barra go bhfuil cearta agus rochtain teoranta ag an gcosaint ar na comhaid sa chéim réamhthrialach, rud a chuireann teorainn le cur i bhfeidhm praiticiúil na n-iarrataí sin. Ar an dara dul síos, luadh go mbíonn an tréimhse ama don chosaint chun na hiarrataí sin a dhéanamh ina ghné teorantach. Mar sin féin, is cosúil gurb é easpa eolais i measc dlíodóirí cosanta is mó faoi deara a laghad iarrataí mar sin a bheith déanta. Luaigh roinnt ionadaithe ó na comhlachais bharr nach bhfuil a fhios acu go díreach cén uair ná conas iarrataí mar sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, ní raibh ach líon beag Ballstát in ann a dtaithí phraiticiúil ar an ábhar sin a roinnt. Sna Ballstáit sin, áfach, bhí na cleachtóirí ar an dá thaobh sásta i gcoitinne leis na nósanna imeachta atá i bhfeidhm.

Níl aon fhoráil chomhchosúil sa Treoir lena dtugtar an ceart d'íospartaigh a iarraidh go n-eiseofaí OIE. Tarraingíodh anuas ó am go chéile an cheist ar cheart an Treoir a leasú ina leith sin, ach níor thángthas ar aon chomhdhearcadh forleathan. Mar sin féin, cinneadh go gceadaítear d'íospartaigh faoi dhlí náisiúnta fhormhór na mBallstát, slí amháin nó slí eile, iarrataí ar fhianaise a bhailiú a chur isteach agus, dá réir sin, OIE a eisiúint. Tá sé sin aitheanta arís agus arís eile mar dhea-chleachtas, toisc go meastar go gcomhlánaíonn sé ceart an íospartaigh fianaise a sholáthar faoi Threoir 2012/29/AE.

## MOLTAÍ

- *Moltar do na Ballstáit leibhéal speisialtóireachta a n-údarás uile atá ag obair le hionstraimí comhair idirnáisiúnta, lena n-áirítear OIE, a choinneáil ar bun agus, i gcás inar féidir, cur leis. Chun na críche sin, d'fhéadfadh na Ballstáit sin nach bhfuil sin déanta acu cheana cuimhneamh oifigiúla speisialaithe agus/nó aonaid speisialaithe a bhunú ina bhféadfadh cleachtóirí speisialaithe mar shampla ionchúisitheoirí, breithiúna, póilíní agus cléirigh déileáil le cásanna mar sin.*
- *Agus an tábhacht a bhaineann le teagmháil dhíreach idir údaráis eisiúna agus údaráis fhorghníomhaitheacha chun OIEnna a fhorghníomhú ar an mbealach is fearr á hathdhearbhú acu, moltar do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na socrúithe dlíthiúla agus/nó oibríochtúla i bhfeidhm le haghaidh comhordú éifeachtach idir a n-údaráis fhorghníomhaitheacha náisiúnta i gcásanna ina n-eisítear OIEnna le haghaidh bearta imscrúdaitheacha iomadúla a bhfuil baint ag údaráis fhorghníomhaitheacha inniúla éagsúla leo, d'fhonn cur i bhfeidhm éifeachtúil OIEnna a fheabhsú agus cumarsáid leis an údarás eisiúna a éascú.*

## 4. RAON FEIDHME OIE AGUS AN BHAINN ATÁ AIGE LE hIONSTRAIMÍ EILE

### 4.1. OIE agus ionstraimí eile

Sonraítear sa Treoir go bhféadfar OIE a eisiúint le haghaidh beart imscrúdaitheach sonrath amháin nó níos mó atá le déanamh i mBallstát eile chun fianaise a fháil. Féadfar OIE a eisiúint chomh maith chun fianaise a fháil atá i seilbh údaráis inniúla an Stáit fhorghníomhaigh cheana féin. Ina theannta sin, cumhdaíonn OIE gach beart imscrúdaitheach, cé is moite d'Fhoireann Chomhpháirteach Imscrúdaithe a chur ar bun, i gcomhréir le hAirteagal 3 den Treoir.

Go praiticiúil, áfach, tá sé curtha in iúl ag na Ballstáit go bhfaightear, go rialta, OIEnna ar chúiseanna eile seachas chun fianaise a fháil, mar shampla i gcásanna inar cheart iarraidh a chur isteach ar Chúnamh Frithpháirteach Dlí (CFD). Tá OIEnna ann a dtugtar OIEnna hibrideacha orthu, nuair a iarrtar bearta imscrúdaitheacha chun fianaise a bhailiú, mar aon le bearta eile a bheadh, go teoiriciúil, lasmuigh de raon feidhme na Treorach.

Cé gur leagadh béim go minic ar a thábhachtaí atá sé raon feidhme OIE a urramú, fuarthas amach gur minic a ghlacann formhór na mBallstát le OIEnna agus go bhforghníomhaíonn siad iad i gcás nuair ab é iarraidh ar CFD an ionstraim cheart, mar shampla i gcás iarraidh doiciméid a sheirbheáil nach raibh chun críoch fianaise. Is é an réasúnaíocht atá taobh thiar den chur chuige sin nach bhfuil ceanglais fhoirmiúla ag baint le hiarraidh ar CFD agus go roghnaíonn cleachtóirí glacadh le OIE mar CFD, ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais uile. Is minic a mholtar an dearcadh solúbtha sin mar dhea-chleachtas, toisc go gcuireann sé le héifeachtúlacht an chomhair idirnáisiúnta in ábhair choiriúla agus go seachnaíonn sé iarrataí breise agus costais (aistriúcháin) a d'fhéadfadh a bheith ann.

Maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach (BGE), fuair go leor Ballstát BGEEnna ag an am céanna le OIEnna. Sna cásanna sin, déantar OIE a tharchur uaireanta chun duine a aimsiú agus chun na críche sin amháin, agus iarrtar le BGE go ngabhfaí an duine. Measann formhór na mBallstát, áfach, nach gá sin agus áitíonn siad go gceadaítear bearta le BGE lena bhféadfaí duine a aimsiú lena ghabháil (BGE a fhorghníomhú). Is féidir dul tríd na póilíní chomh maith chun na críche sin. Ar an taobh eile, ní gnách leis na Ballstáit diúltú OIE a fhorghníomhú chun duine a aimsiú lena ghabháil ar bhonn BGE.

Tá sé ráite ag roinnt cleachtóirí go mbíonn siad ag iarraidh a mheas an rogha éifeachtach ar BGE a bheadh in eisiúint OIE d'éisteacht duine atá faoi amhras/atá cúisithe chun críoch fianaise. Leanann an cur chuige sin spiorad aithris 26 den Treoir agus tá sé molta ag na meastóirí.

Maidir le reo agus urghabháil sócmhainní, léiríodh sa mheastóireacht go gcruthaíonn an t-idirdhealú idir urghabháil sócmhainní chun críoch fianaise agus reo sócmhainní chun críoch coigistíochta dúshláin ar bhonn praiticiúil. Tá sé tuairiscithe ag líon mór Ballstát go bhfuil OIEnna faighte acu chun sócmhainní a urghabháil atá le coigistiú ina dhiaidh sin, cé gur beart é sin nach mór a iarraidh trí bhíthin deimhniú reo de bhun Rialachán (AE) 2018/1805. Admhaíonn cleachtóirí go bhféadfadh an cuspóir a bhaineann le sócmhainní a reo nó a urghabháil a bheith measctha agus go bhféadfadh athrú a theacht air le linn an imscrúdaithe. Féadann mearbhall agus moill sa chleachtas a bheith ag baint le húsáid chomhthreomhar/chomhuaineach dhá ionstraim. Deacracht eile a tarraingíodh anuas ná gur minic a thagann OIE roimh dheimhniú reo, rud a d'fhág go bhfuarthas amach gurbh ann do shócmhainní ábhartha agus cá raibh teacht orthu. Éiríonn na cúrsaí sin níos casta fós nuair nach n-ionann na húdaráis atá inniúil chun déileáil le OIE agus na húdaráis atá inniúil chun déileáil le deimhniú reo.

Le linn roinnt mhaith cuairteanna meastóireachta, pléadh sócmhainní mar shampla só-earraí agus airgead. D'áitigh roinnt Ballstát nár cheart iad sin a urghabháil ar bhonn OIE, dála Ballstáit eile d'fhéadfaí na nithe sin a úsáid chun críoch fianaise i gcásanna áirithe.

Maidir le FCIna, ní raibh aon deacrachtaí ag formhór na mBallstát. Má tharlaíonn sé in FCI gur gá fianaise a fháil ó Bhallstát neamh-rannpháirteach, meastar gur dea-chleachtas é i gcónaí a lua san OIE gur FCI atá i mbun an imscrúdaithe agus go roinnfear torthaí fhorghníomhú an OIE ar na rannpháirtithe uile. De ghnáth, ní bhíonn aon deacracht ag baill foirne FCI ná ag an Stát forghníomhaitheach neamh-rannpháirteach leis an gcleachtas sin. D'áitigh Ballstát amháin nach bhfuil feidhm ag riail na speisialtachta i gcomhthéacs OIEnna agus gur féidir dá bhrí sin, fianaise a bhailítear le OIE arna heisiúint ag ball FCI a roinnt ní hamháin le baill eile FCI, ach lasmuigh de FCI chomh maith. Luaigh roinnt Ballstát gur fearr leo ionstraimí eile a úsáid le haghaidh comhair, ar nós OIE, seachas FCI, nuair nach leor an forluí idir na himscrúduithe.

I gcaitheamh na gcuairteanna, chuir roinnt cleachtóirí in iúl gur féidir leis an idirghaol le hionstraimí breithiúnacha eile a bheith dúshlánach agus moill a chur ar imeachtaí. Is fíor sin go háirithe nuair a thagann athrú ar chuspóir an bhirt i gcaitheamh imeachtaí coiriúla. D'aontaigh saineolaithe agus cleachtóirí, áfach, gur cheart d'údaráis eisiúna a chur in iúl i gcónaí in Iarscríbhinn A cé acu atá nó nach bhfuil ionstraimí dlí eile in úsáid i ndáil leis an gcás céanna (féach Caibidil 5 freisin).

Tá an argóint déanta gur cheart níos mó airde a thabhairt ar an idirghaol idir na hionstraimí éagsúla féachaint go mbeidh siad ag luí lena chéile i gcónaí, rud ar leagadh béim air chomh maith in aithris 34 den Treoir. I roinnt tuarascálacha tíre, lorgaíodh lámhleabhar nó treoirlínte ón gCoimisiún, agus/nó tuilleadh oiliúna ón nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (GEOB) ar an ábhar sin.

#### 4.2. OIE i ndáil le malartú faisnéise

Faigheann na Ballstáit OIEnna isteach agus amach a lorgaíonn toiliú faisnéis a fuarthas roimhe sin trí chomhar leis na póilíní a úsáid mar fhianaise in imeachtaí coiriúla. Bíonn Stáit fhorghníomhaitheacha toilteanach de ghnáth an toiliú sin a thabhairt cé go mbíonn ceisteanna ann faoin nós imeachta iomchuí a theastaíonn chun cead mar sin a thabhairt. Níl aon nós imeachta i ndáil le toiliú sa Treoir, cé go luaitear i gCinneadh Réime 2006/960/CGB agus i dTreoir (AE) 2023/977 a tháinig i gcomharbacht air, go bhféadfaí toiliú a thabhairt, ach ní luaitear conas sin a dhéanamh.

Níor luaigh na Ballstáit an malartú faisnéise a tharlaíonn gan coinne idir údaráis bhreithiúnacha chomh minic sin mar shlí le toiliú a iarraidh chun úsáid a bhaint as faisnéis a fuarthas roimhe sin trí chomhar leis na póilíní. Mar an gcéanna, áfach, dúradh nach raibh aon rud sa Treoir ar an ábhar sin ach oiread<sup>9</sup> agus go bhfuil tuairimí éagsúla ag na Ballstáit faoi an gcaitear nó nach gcaitear OIE a eisiúint i gcónaí d'fhonn úsáid a bhaint as fianaise a fuarthas trí mhalartú gan choinne.

---

<sup>9</sup> Seachas mar shampla i gcás Airteagal 7 den Choinbhinsiún maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh (2000/C 197/01)

Tríd is tríd, tháinig roinnt foirne meastóireachta ar an tátal go bhfuil gá le soiléireacht maidir leis an ábhar sin agus, dá réir sin, go mba mhaith an rud é dá ndéanfaí foráil sa Treoir don fhéidearthacht shoiléir toiliú a iarraidh chun úsáid a bhaint as faisnéis a chomhroinn údaráis forfheidhmithe dlí roimhe sin, nó as faisnéis a fuarthas ó mhalartú faisnéise a tharla gan choinne idir údaráis bhreithiúnacha, mar fhianaise in imeachtaí coiriúla.

#### 4.3. OIE i ndáil le céimeanna éagsúla na n-imeachtaí

Tá feidhm ag an Treoir maidir le gach céim d'imeachtaí coiriúla, lena n-áirítear céim na trialach. Léiríodh sa mheastóireacht, áfach, nach bhfuil aon chomhthoil idir na Ballstáit maidir le húsáid OIE tar éis an chinnidh chinntithigh a rinneadh tar éis na n-imeachtaí coiriúla. Creideann roinnt Ballstát gur féidir a thuiscint ón Treoir go n-áirítear in OIE bearta áirithe tar éis an chinnidh chinntithigh, e.g. sonraí suímh a fháil chun dul i dteagmháil le duine ciontairthe, in imscrúduithe airgeadais ar leithligh arb é is aidhm dóibh ordú coigistíochta a fhorfheidhmiú nó in imeachtaí a bhaineann le smachtbhannaí malartacha agus cinntí promhaidh a chur i bhfeidhm.

Anuas air sin, d'áitigh roinnt Ballstát nár tháinig siad ar OIE riamh agus cinneadh cinntitheach á fhorfheidhmiú acu ach, go teoriciúil, nach bhfeiceann siad aon bhacainní ar OIE a eisiúint/a fhorghníomhú ag an gcéim sin, fad is gur chun críoch fianaise é agus gurb é OIE an ionstraim cheart le húsáid.

Ar an taobh eile, chuir roinnt Ballstát in iúl go láidir nár cheart OIE a úsáid riamh sna céimeanna a bhaineann le cinneadh cinntitheach a fhorfheidhmiú toisc nach dtagann sé faoi raon feidhme na Treorach agus go bhfuil ionstraimí eile ann chun na críche sin. Go praiticiúil, dealraíonn sé gur fíor-annamh a úsáidtear OIEnna ag an gcéim sin agus dá réir sin is beag taithí atá ann i dtaobh (na saincheisteanna) a bhaineann leis an ábhar sin. Thug roinnt Ballstát samplaí de chásanna inar iarr siad ar an Stát eisiúna ionstraim eile is infheidhme a úsáid dá n-iarraidh agus de ghnáth tháinig na húdaráis ar chomhaontú trí chomhairliúcháin dhíreacha.

## MOLTAÍ

- *Iarrtar ar an gCoimisiún cuimhneamh ar lámhleabhar nó treoirlínte faoi OIE a eisiúint agus an gaol idir é agus ionstraimí comhair bhreithiúnaigh eile in ábhair choiriúla, lena n-áirítear Cinneadh Réime BGE agus Rialachán (AE) 2018/1805 maidir le horduithe calctha agus orduithe coigistíochta. Ina theannta sin, moltar don Ghréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (GEOB) tuilleadh plé ar an nasc idir na hionstraimí sin a chothú agus feasacht ina leith a mhúscailt.*
- *Iarrtar ar an gCoimisiún a mharana a dhéanamh ar thogra reachtach a thíolaic chun an Treoir a leasú, trí fhoráil a dhéanamh ionas go bhféadfaí toiliú a iarraidh chun úsáid a bhaint as faisnéis a chomhroinn údaráis forfheidhmithe dlí roimhe sin, nó as faisnéis a fuarthas ó mhalartú faisnéise a tharla gan choinne idir údaráis bhreithiúnacha, mar fhianaise in imeachtaí coiriúla.*

## 5. ÁBHAR AGUS FOIRM

### 5.1. Dúshlán ghinearálta

I gcomhréir le hAirteagal 5 den Treoir, ní fhéadfar OIE a eisiúint ach amháin tríd an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn A a chomhlánú agus a shíniú. Bunaíodh Iarscríbhinn A, atá ar fáil i dteangacha uile an Aontais, chun bealach comhsheasmhach agus éifeachtúil a sholáthar do na húdaráis chun an fhaisnéis ábhartha uile a áireamh don Stát forghníomhaitheach. Is é is aidhm do na ranna agus na boscaí éagsúla a gcaithfear ‘tic’ a chur iontu forléargas a thabhairt ar an gcás agus ar na bearta a ndearnadh iarraidh orthu. Le linn na gcuartheanna, luaigh cleachtóirí go bhfuil siad ag éirí níos eolaí le himeacht na mblianta ar an bhfoirm in Iarscríbhinn A agus go bhfuil siad ag dul i dtaithe ar a líonadh isteach. Mar sin féin, léiríodh sa mheastóireacht go mbíonn deacrachtaí ag go leor cleachtóirí i mBallstáit éagsúla le hIarscríbhinn A. Is é is aidhm don fhochaibidil seo forléargas a thabhairt ar na dúshlán is minice a bhíonn ann.

- **OIEnna neamhiomlána/doiléire.** Chuir beagnach gach Ballstát in iúl gur minic a fhaigheann siad OIEnna atá neamhiomlán, neamhréireach nó doiléir. Níl sé neamhchoitianta OIEnna a fheiceáil nach n-áirítear leo faisnéis bhunúsach faoi fhíorais agus am agus áit agus/nó údar an bhirt/na mbearta a ndearnadh iarraidh air/orthu. I gcásanna áirithe, is deacair an achoimre ar na fíorais a thuiscint toisc nach ndearna an t-údarás eisiúna ach abairtí fada casta a chóipeáil agus a ghreamú de dhoiciméid náisiúnta bhunúsacha. D'fhéadfadh uimhreacha cuntais bainc míchearta nó sonraí míchearta a bhaineann leis an duine atá faoi amhras a bheith ann. Uaireanta, liostaíonn an t-údarás eisiúna na bearta is mian leis a fheiceáil á bhforghníomhú ach ní chuireann sé tic sna boscaí iomchuí i Roinn C. Ina theannta sin, feictear neamhréireachtaí sa téacs, a bhaineann, mar shampla, leis an tuairisc ar stádas an duine a n-éistfear leis (finné/íospartach/duine atá faoi amhras). Áirítear i roinnt mhaith tuarascálacha moladh do na Ballstáit uile aird ar leith a thabhairt ar a áirithiú go leagfar amach na fíorais agus na bearta a ndearnadh iarraidh orthu in OIE ar bhealach atá struchtúrtha agus intuigthe go soiléir, agus aird á tabhairt ar an léitheoir. Moladh freisin gur cheart d'údarais eisiúna abairtí gearra agus foclaíocht bheacht a úsáid chun aistriúcháin chruinne a éascú. Mar sin féin, chuir na foirne meastóireachta in iúl nár cheart neamhforghníomhú an OIE a bheith mar thoradh ar easnaimh in ábhar an OIE, mar shampla faisnéis neamhleor nó earráidí aistriúcháin, ach gur cheart dul i gcomhairle leis na húdaráis eisiúna ina ionad sin.

- **Roinn D.** Leis an roinn seo, ceadaítear do na Ballstáit na húdaráis fhorghníomhaitheacha a chur ar an eolas go bhfuil baint ag OIE le ceann a tháinig roimhe sin. Níl roinn shonrach sa Treoir, áfach, a luann go mbaineann OIE le hiarrataí/orduithe eile maidir le comhar breithiúnach, ar nós barántas gabhála Eorpach, JIT, deimhniú reo nó aon iarraidh ar chúnaimh frithpháirteach dlí, cé gur minic a d'aontaigh na foirne meastóireachta agus na cleachtóirí go bhfuil sé chomh tábhachtach céanna a bheith ar an eolas faoi iarrataí/orduithe ábhartha eile chun forghníomhú éifeachtach OIE a áirithiú. Mar shampla, níl sé neamhghnách do OIE iarraidh a dhéanamh ar chuardach tí ar gá é a chomhordú le BGE lena n-iarrtar an duine atá ina chónaí sa teach sin a ghabháil. Dar ndóigh, ba cheart na húdaráis fhorghníomhaitheacha inniúla (a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ag brath ar an ionstraim) a chur ar an eolas faoi gach iarraidh chun an forghníomhú a chomhordú go rianúil. I roinnt tuarascálacha, chuir cleachtóirí in iúl gur mian leo roinn a bheith acu in Iarscríbhinn A inar féidir leo nasc a dhearbhu le hiarrataí/orduithe roimhe sin. San am céanna, moladh do na Ballstáit caitheamh le Roinn D amhail is dá soláthródh sí an spás cheana féin chun iarrataí ábhartha eile a lua, gan beann ar a mbunús dlí.

- **Soláimhsitheacht na foirme.** Léiríodh i roinnt tuarascálacha gur gá Iarscríbhinn A a dhéanamh níos soláimhsithe don úsáideoir. Luaigh roinnt Ballstát gur minic a bhíonn mearbhall ar Ranna C agus G agus go mbíonn siad in amhras ar cheart iad a chur i ndiaidh a chéile. Ceanglaítear le Roinn C ar an údarás eisiúna a chur in iúl ar dtús, ag tús na foirme, cé na bearta is gá a dhéanamh, agus is ina dhiaidh sin amháin san fhoirm (i Roinn G) go bhfuil an t-údarás eisiúna in ann údar cuí a thabhairt leis na bearta sin. Moladh i roinnt tuarascálacha bearta breise a áireamh i Roinn C mar thicbhosca, go háirithe le haghaidh cuardach, ós rud é gur beart imscrúdaitheach é sin a úsáidtear go minic. Ina theannta sin, moladh Roinn G a fheabhsú trí chead a thabhairt tic a chur i mbosca chun céim an imscrúdaithe a léiriú (réamhthriail nó triail). Ina theannta sin, tugadh faoi deara go bhfuil athrá nach bhfuil gá leis i Roinn C agus i Roinn H agus nach mór do chleachtóirí a chur in iúl faoi dhó cén cineál birt atá á iarraidh. I ndáil leis na boscaí, b'fhearr le roinnt údarás go ndéanfaí an duine atá faoi amhras agus an duine atá cúisithe a scaradh agus bosca a bheith acu d'fhinnéithe agus d'íospartaigh le haghaidh gach birt i Roinn C. D'áitigh roinnt Ballstát gur cheart roinn a bheith ann chun na ceisteanna a chur ar an bhfinné/an duine atá faoi amhras/an duine atá cúisithe nó de rogha air sin, d'fhéadfaí tic a chur i mbosca a thagraíonn do liosta ceisteanna atá i gceangal. Maidir leis an ábhar sin, measadh go raibh sé úsáideach roinn ar leith a chruthú le haghaidh liosta de cheangaltáin (ar nós ordú cúirte náisiúnta). Ar deireadh, cuireadh i dtábhacht i dtuarascálacha éagsúla go measann go leor cleachtóirí go bhfuil Iarscríbhinn A rófhada agus gur mhór acu an fhéidearthacht ranna nach bhfuil gá leo i gcásanna sonracha a ghiorrú nó 'a cheilt'.

Luaigh Ballstát amháin saincheist ar leith agus an OIE á shíniú aige. Mar thoradh díreach ar an gcontúirt mhéadaithe a bhaineann leis an gcoireacht eagraithe, chinn cleachtóirí ón mBallstát sin OIE a shíniú go hanaithnid trí bhíthin uimhir, sna cásanna is íogaire, chun a gcéannacht a chosaint. Ní raibh sé soiléir, áfach, an raibh an cleachtas sin i gcomhréir leis an Treoir nó nach raibh.

Le linn na gcuartheanna, fiafraíodh de na Ballstáit conas a fhreagraíonn siad do chásanna práinneacha agus an féidir leo bearta imscrúdaitheacha a dhéanamh bunaithe ar ghlaio gutháin ó chomhghleacaí thar lear. Luaigh formhór na mBallstát (cé is moite de roinnt eisceachtaí) nach nglacann siad le OIEnna a fógraíodh ó bhéal, agus cé is moite de ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, nach ngníomhaíonn siad ná nach ndéanann siad aon bheart imscrúdaitheach sula bhfaightear OIE i scríbhinn.

Ar an iomlán, léiríodh sa mheastóireacht go bhfuil dhá dhúshlán ann maidir le foirm OIE. Ar dtús, tá gá le gníomhaíocht reachtach chun Iarscibhinn A a dhéanamh níos soláimhsithe don úsáideoir. Ar an dara dul síos, ba cheart do na Ballstáit iarracht níos mó a dhéanamh foirm OIE a líonadh isteach ar bhealach soiléir agus comhsheasmhach agus faisnéis intuigthe a sholáthar.

## 5.2. Córas teanga agus saincheisteanna a bhaineann leis an aistriúchán

Leagtar amach in Airteagal 5(2) den Treoir nach mór do gach Ballstát a léiriú cén teanga oifigiúil nó cé na teangacha oifigiúla de chuid institiúidí an Aontais, sa bhreis ar theanga oifigiúil nó ar theangacha oifigiúla an Bhallstáit lena mbaineann, a fhéadfar a úsáid chun OIE a chomhlánú nó a aistriú nuair is é an Ballstát sin an Stát forghníomhaitheach. Le hAithris 14, moltar do na Ballstáit teanga amháin ar a laghad a úsáidtear go coitianta san Aontas seachas a dteanga oifigiúil nó a dteangacha oifigiúla a chur san áireamh.

Léiríodh sa mheastóireacht go bhfuil roinnt Ballstát solúbtha a mhéid a bhaineann leis an gcóras teanga. Mar shampla, glacann Ballstát amháin le OIEnna go hoifigiúil in oiread agus ceithre theanga. Glacann Ballstát eile le OIEnna i dtrí theanga agus, ina theannta sin, in aon teanga eile, ar choinníoll nach bhfuil aon bhacainní ar a nglacadh. Is é an Béarla an teanga bhreise is coitianta a chuireann na Ballstáit in iúl. Léirigh na cuairteanna, áfach, gur chuir roinnt Ballstát teanga eile (Béarla go minic) san áireamh ina bhfógra, ach i ndáiríre ní cosúil go nglacann siad le OIEnna sa teanga bhreise sin.

D'ainneoin fhoclaíocht Airteagal 5(2), níor chuir roinnt Ballstát in iúl ach a dteanga oifigiúil féin mar an teanga ina nglacann siad le OIEnna. Chomhaontaigh roinnt Ballstát glacadh le OIEnna i dteanga a dtíre comharsanachta, ar choinníoll na cómhalartachta.

Spreag formhór na dtuarascálacha na Ballstáit go léir chun teanga eile a úsáidtear go coitianta san Aontas a áireamh, sa bhreis ar a dteanga oifigiúil féin ina bhfógra maidir leis an gcóras teanga, de mheon Airteagal 5(2) agus aithris 14 den Treoir. Chuir líon mór cleachtóirí agus meastóirí in iúl gur teanga é an Béarla a úsáidtear go coitianta sa chomhar breithiúnach idirnáisiúnta.

Thuairiscigh go leor Ballstát deacrachtaí maidir le OIEnna a aistriú. Ó thaobh an fhorghníomhaithe de, tagann cleachtóirí ar aistriúcháin (ríomhaistriúcháin) ar cháilíocht an-lag, rud a fhágann i gcásanna áirithe go bhfuil sé beagnach dodhéanta na fíricí agus an beart/na bearta a iarradh a thuiscint. Sna cásanna sin, is gnách go n-iarrtar soiléirithe nó aistriúchán nua ar an Stát eisiúna, rud a chuireann moill ar fhorghníomhú. I roinnt tuarascálacha, measadh gur dea-chleachtas é an leagan bunaidh den OIE a chur i gceangal leis an aistriúchán, ionas go bhféadfadh an Stát forghníomhaitheach an OIE (nó codanna de) a aistriú iad féin dá mba ghá. Dúirt roinnt Ballstát gurbh fhearr go mór leo OIE arna aistriú go Béarla (maith) a fháil seachas drochaistriúchán go dtí a dteanga oifigiúil.

Ó thaobh na heisiúna de, luaigh cleachtóirí fadhbanna maidir le haistritheoir cáilithe a aimsiú le haghaidh teangacha áirithe. Tá seirbhísí aistriúcháin inmheánacha ag roinnt údarás, ach go minic ní bhíonn siad ar fáil le haghaidh gach teanga oifigiúil a labhraítear san Aontas. Sin é an fáth, i gcásanna áirithe, go mbíonn sé deacair agus costasach aistritheoir cáilithe a aimsiú. I roinnt tuarascálacha, sainithníodh cásanna fiú inar chosúil nárbh fhéidir OIEnna a eisiúint toisc go raibh sé dodhéanta iad a aistriú go teanga oifigiúil an Stáit fhorghníomhaithigh.

Ag breathnú siar ar Chaibidil 5.1., is fíor go ndéanann faisnéis mhearbhlach, dhothuigte agus neamhiomlán sa bhunleagan den OIE difear do cháilíocht na n-aistriúchán freisin. Ar an taobh eile, iarradh in go leor tuarascálacha ar na Ballstáit uile iarracht níos mó a dhéanamh chun cáilíocht na n-aistriúchán a áirithiú agus a fheabhsú.

## MOLTAÍ

- *Moltar d'údaráis eisiúna na mBallstát aird ar leith a thabhairt ar chur síos atá struchtúrtha go soiléir agus sothuigthe ar na fíorais agus ar na bearta a ndéantar iarraidh orthu san OIE a áirithiú, agus iarracht á déanamh cuimhneamh ar an léitheoir.*
- *Moltar d'údaráis eisiúna na mBallstát gach iarraidh/ordú gaolmhar maidir le comhar breithiúnach a lua in Iarscríbhinn A, ar nós BGEanna a bhí ann cheana/comhthreomhara, deimhnithe calctha nó JITanna, agus OIE á eisiúint acu.*
- *Iarrtar ar an gCoimisiún togra reachtach a thíolacadh chun an Treoir a leasú trí Iarscríbhinn A a dhéanamh níos soláimhsithe agus níos éifeachtaí, agus na heasnaimh a sainaitníodh á gcur san áireamh.*
- *Moltar do na Ballstáit teanga eile a úsáidtear go coitianta san Aontas a chur in iúl ina ndearbhú maidir leis an gcóras teanga, sa bhreis ar a dteanga oifigiúil, de mheon Airteagal 5(2) agus aithris 14 den Treoir.*
- *Moltar d'údaráis eisiúna na mBallstát caighdeán maith aistriúcháin a áirithiú. Ina theannta sin, moltar an bunleagan den OIE a chur i gceangal leis an aistriúchán.*

## 6. TARCHUR OIE AGUS TEAGMHÁIL DHÍREACH

Tugadh aghaidh ar dhá phríomhábhar a bhaineann le tarchur OIE sa bhabhta seo de mheastóireachtaí: (i) sainaithint an údaráis inniúil sa Stát forghníomhaitheach a bhfuil an OIE le seoladh chuige; (ii) na modhanna tarchuir, mar shampla an leor tarchur leictreonach an OIE, agus cad iad na coinníollacha faoina ndéanfar é, nó an bhfuil gá (freisin) le tarchur bhunchóip pháipéir an OIE.

Cé gur tuairiscíodh roinnt deacrachtaí ó am go chéile, léirigh na meastóireachtaí i gcoitinne nach mbeadh sainaithint an údaráis inniúil fhorghníomhaithigh ina fadhb mhór.

Bhí an tsaincheist maidir le modhanna slána tarchuir níos dúshlánaí: cuireadh i dtábhacht sna tuarascálacha go bhfuil tuairimí agus cineálacha cur chuige éagsúla i measc na mBallstát, ar tuairimí agus cineálacha cur chuige iad atá neamhsheasmhach uaireanta, a bhféadfadh tionchar ríthábhachtach a bheith acu ar chur i bhfeidhm rianúil OIE. Is léir ón mbabhta seo de mheastóireachtaí go bhfuiltear ag dréim go gcuirfidh cur chun feidhme iomlán an chórais leictreonaigh le haghaidh cumarsáid shlán i measc údaráis inniúla na mBallstát (an Córas r-Fhianaise um Malartú Digiteach - eEDES) feabhas mór ar éifeachtúlacht, luas agus slándáil tharchur OIEnna.

### 6.1. Sainaithint an údaráis inniúil fhorghníomhaithigh

Deimhníodh sna meastóireachtaí gur acmhainn bhunriachtanach é Atlas Breithiúnach an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh (an tAtlas Breithiúnach Eorpach). Úsáideann údaráis eisiúna na mBallstát an tAtlas Breithiúnach Eorpach go rialta agus go gníomhach chun teagmháil dhíreach a shainaithint agus a bhunú le húdaráis inniúla fhorghníomhaitheacha Ballstát eile. Mar sin féin, cuireadh in iúl go raibh an fhaisnéis faoi na húdaráis inniúla san Atlas Breithiúnach Eorpach neamhiomlán nó as dáta uaireanta. Chuir cleachtóirí i dtábhacht gur cheart seoltaí ríomhphoist agus uimhreacha teileafóin cearta na n-údarás inniúil a áireamh san fhaisnéis sin i gcónaí chun teagmháil dhíreach a éascú.

Mhol cleachtóirí ó Bhallstát amháin gur cheart do EJM machnamh a dhéanamh ar an Atlas a chur ar fáil i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais. Ina theannta sin, i dtuarascáil amháin, iarradh ar EJM a mharana a dhéanamh ar fheabhas a chur ar an Atlas maidir le cásanna ina n-eisítear OIE chun iliomad beart imscrúdaitheach a fhorghníomhú.

Ós rud é gur léir, i dtuairim d'aon toil na gcleachtóirí, gur uirlis luachmhar é an tAtlas Breithiúnach Eorpach agus i bhfianaise a thábhachtaí atá sé teagmháil dhíreach a bhunú faoin Treoir, moladh do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil a gcuid faisnéise maidir le húdaráis inniúla san Atlas Breithiúnach Eorpach ceart, iomlán agus cothrom le dáta.

Mar sin féin, bíonn deacrachtaí ag údaráis eisiúna uaireanta maidir leis an údarás forghníomhaitheach a chinneadh, go háirithe i mBallstáit nach bhfuil pointe lárnach acu chun OIEnna a fháil, i gcásanna ina n-iarrtar bearta imscrúdaitheacha iomadúla agus ina bhfuil údaráis inniúla éagsúla ag an Stát forghníomhaitheach, nó nuair nach eol an áit ina bhfuil an beart iarrtha le cur i gcrích. I gcás ina dtagann deacrachtaí chun cinn sna cásanna sin, téann údaráis eisiúna i muinín raon foinsí éagsúla, i gcomhréir le hAirteagal 7(5) den Treoir.

De réir thorthaí an bhabhta meastóireachtaí seo, is minic a iarrann údaráis eisiúna cúnaimh ó phointí teagmhála EJM nó, i gcásanna níos casta, ó na deasca náisiúnta ábhartha ag Eurojust. Féadfaidh siad faisnéis a iarraidh freisin ó na húdaráis lárnacha, i gcás ina n-ainmnítear iad, ón Aireacht Dlí agus Cirt nó ó ghiúistísí idirchaidrimh atá ina mBallstáit nó arna bpostú thar lear. I roinnt Ballstát, tá grúpaí/aonaid/líonraí cleachtóirí atá an-speisialaithe sa chomhar breithiúnach ullamh chun cabhrú lena gcomhghleacaithe déileáil le hábhair a bhaineann le cásanna trasteorann, lena n-áirítear an t-údarás inniúil forghníomhaitheach a shainaithint. Úsáidtear bealaí póilíneachta uaireanta chun an t-údarás forghníomhaitheach inniúil a shainaithint.

Is fiú a thabhairt faoi deara, i gcásanna nach bhfuil inniúlacht ag na húdaráis a fhaigheann OIE sa Stát forghníomhaitheach maidir lena aithint agus lena fhorghníomhú, go gcomhlíonann siad Airteagal 7(6) den Treoir i gcoitinne agus go dtarchuirfidh siad an OIE, *ex officio*, chuig an údarás inniúil forghníomhaitheach. Go deimhin, cé is moite de roinnt eisceachtaí, níor thuairiscigh cleachtóirí aon chás inar cuireadh an OIE ar ais chuig an údarás eisiúna toisc gur seoladh chuig údarás sa Stát forghníomhaitheach é nach raibh inniúil chun é a aithint ná a fhorghníomhú. I dtuarascálacha áirithe, measadh gur dea-chleachtas é Airteagal 7(6) a chomhlíonadh go críochnúil agus moladh do na Ballstáit uile déanamh amhlaidh.

## 6.2. Modhanna tarchuir

Thrasuigh formhór na mBallstát Airteagal 7(1) den Treoir beagnach focal ar fhocal ina reachtaíocht, ar dá réir ba cheart an OIE a tharchur ón údarás eisiúna chuig an údarás forghníomhaitheach trí mhodhanna lenar féidir taifead i scríbhinn a sholáthar faoi choinníollacha lena mbeidh an Stát forghníomhaitheach in ann barántúlacht a shuí.

Ar an mórgóir, aontaíonn cleachtóirí gur réiteach i bhfad níos fearr é tarchur leictreonach OIEnna ná páipéir a sheoladh tríd an bpost, rud atá níos moille go bunúsach agus a ghineann costais mhéadaithe. Mar sin féin, ós rud é nach bhfuil an oibleagáid atá ar údaráis inniúla na mBallstát cumarsáid a dhéanamh chun críocha OIE trí chóras TF díláraithe i bhfeidhm go fóill<sup>10</sup>, tá saincheisteanna fós le sárú ag údaráis inniúla maidir le bealaí slána, cosaint sonraí agus barántúlacht.

Go hiondúil, seolann údaráis inniúla fhormhór na mBallstát OIEnna le ríomhphost agus glacann siad le OIEnna a tharchuirtear trí ríomhphost, ar choinníoll go bhféadfaidh siad a mbarántúlacht a shuí (is féidir barántúlacht a áirithiú trí bhíthin síniú leictreonach nó cineál coibhéiseach fíoraithe, mar shampla).

Shoiléirigh roinnt Ballstát go nglacann siad, mar údaráis fhorghníomhaitheacha, le OIEnna a sheoltar le ríomhphost, mura dtagann amhras nó saincheisteanna maidir le barántúlacht chun cinn; sna cásanna sin, iarrann siad ar an údarás eisiúna OIE a sheoladh trí mhodhanna malartacha comhaontaithe eile.

Mar sin féin, éilíonn roinnt Ballstát an OIE bunaidh a fháil tríd an bpost, ach amháin má tharchuirtear an OIE trí bhealaí slána, cainéil Eurojust, mar shampla. I gcásanna práinneacha, is féidir tús a chur le forghníomhú OIE sula bhfaighfear é tríd an bpost, ar bhonn cóip arna tarchur go leictreonach. I ndáil leis sin, mhol roinnt foirne meastóireachta do na Ballstáit glacadh le OIEnna a sheoltar trí mheán leictreonach fad a chomhlíonann siad Airteagal 7 den Treoir, agus ní hamháin iad siúd a sheoltar tríd an bpost.

Thuairiscigh údaráis inniúla eisiúna roinnt Ballstát go seolann siad OIEnna bunaidh fós tríd an bpost/le cúiréir, fiú tar éis iad a tharchur go leictreonach ar dtús. Is beag Ballstát atá an-dian ina leith sin, agus ní sheolann siad OIEnna le ríomhphost i ngeall ar easpa bealaí slána agus ar chúiseanna cosanta sonraí.

---

<sup>10</sup> De réir Airteagal 26(3) den Rialachán maidir leis an Digiteáil.

Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara freisin nach iad na húdaráis inniúla ó Bhallstáit éagsúla amháin a ghlacann cineálacha éagsúla cur chuige maidir le saincheist an tarchuir; bíonn tuairimí éagsúla ag cleachtóirí ón mBallstát céanna uaireanta maidir leis an gcaoi ar cheart OIEnna a sheoladh agus a fháil. I mBallstát amháin, le linn na cuairte ar an láthair, bhí formhór na gcleachtóirí den tuairim gur leor OIEnna a sheoladh le ríomhphost, agus chuir cleachtóirí eile in iúl nár cheart OIEnna a sheoladh go leictreonach ach amháin má tharchuirtear trí Eurojust iad.

Táthar ag dréim go réiteofar aon fhadhbanna a bhaineann le tarchur slán OIEnna nuair a chuirfear an córas TF díláraithe chun feidhme go hiomlán ar bhonn an chreata dhlíthiúil aonfhoirmigh a chruthaítear leis an Rialachán maidir le Digiteáil<sup>11</sup>. Ón 17 Eanáir 2028 ar aghaidh, mar riail, déanfar cumarsáid trasteorann faoin Treoir tríd an gcóras TF díláraithe sin. Féadfaidh na Ballstáit a roghnú a gcórais TF náisiúnta féin a fhorbairt nó a oiriúnú chun nascadh leis an gcóras TF díláraithe nó chun na bogearraí cur chun feidhme tagartha atá le forbairt ag an gCoimisiún chun na gcríoch sin a úsáid. I bhfianaise na dtairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le modh slán cumarsáide, moladh go mbainfeadh na Ballstáit úsáid as eEDES, córas a d'fhorbair an Coimisiún chun tacú le malartuithe faoin Treoir, go dtí gur oibríochtúil an córas TF díláraithe le haghaidh OIE faoin Rialachán maidir leis an Digiteáil. Tá sé beartaithe go mbeidh eEDES, a úsáidtear faoi láthair mar uirlis dheonach, ina bhogearraí cur chun feidhme tagartha faoin Rialachán maidir leis an Digiteáil.

Faoi láthair, tá úsáid eEDES deonach: níl na Ballstáit uile tar éis dul isteach sa treoirthionscadal agus níl na húdaráis uile laistigh de na Ballstáit atá rannpháirteach sa treoirthionscadal nasctha le chéile. Mhol na foirne meastóireachta na Ballstáit a ghlac páirt cheana féin i dtreoirthionscadal eEDES as an méid sin a dhéanamh, agus mhol siad dóibh freisin gach údarás inniúil a nascadh leis an gcóras, rud atá dúshlánach go leor i roinnt Ballstát ós rud é nach bhfuil bonneagar digiteach leordhóthanach ann.

Chuir cleachtóirí a bhain úsáid as eEDES in iúl go raibh roinnt deacrachtaí acu agus luaigh siad gnéithe den chóras a d'fhéadfaí a fheabhsú (e.g. an oibleagáid foirm OIE a líonadh isteach go díreach in eEDES; luaigh cleachtóirí freisin nach gcuirtear san áireamh le eEDES an gá atá le OIEnna a stóráil i mbunachair sonraí bhreithiúnacha náisiúnta). Dá bhrí sin, d'iarr na foirne meastóireachta ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar fheabhas a chur ar an gcóras, aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna a sainaitníodh agus ar na moltaí a rinneadh le linn an bhabhta seo de mheastóireachtaí.

---

<sup>11</sup> Rialachán (AE) 2023/2844 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 maidir le digitíú an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann sibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh.

### 6.3. Teagmháil dhíreach

Tar éis an OIE a tharchur, i bhformhór mór na gcásanna, déantar cumarsáid go díreach idir na húdaráis eisiúna agus na húdaráis fhorghníomhaitheacha, le ríomhphost nó ar an nguthán go minic. I dtuarascálacha áirithe, mhol na foirne meastóireachta údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann as féachaint i gcónaí le teagmháil dhíreach a bhunú le linn OIE a fhorghníomhú chun aghaidh a thabhairt ar aon amhras nó chun aon fhadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn a réiteach. Moladh freisin gur cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil a dhóthain Béarla ag an teagmhálaí/ na teagmhálaithe a luaitear in OIE chun go mbeidh cumarsáid dhíreach éifeachtach ann (féach Caibidil 14 freisin).

Déantar teagmháil trí Eurojust, EJM nó an t-údarás lárnach, nó le cúnaimh uathu, nuair a bhíonn fadhbanna cumarsáide ann, i gcás moilleanna, i gcásanna casta nó práinneacha nó i gcás ina bhfuil gá ar leith le comhordú (mar shampla OIEnna a bhaineann le bearta imscrúdaitheacha iolracha, nó bearta imscrúdaitheacha atá le déanamh i mBallstáit éagsúla). Le linn an bhabhta seo de mheastóireachtaí, ba mhinic a leag cleachtóirí béim ar bhreislúach Eurojust agus EJM i dtaobh cumarsáid agus comhordú a éascú, go háirithe i gcásanna casta agus/nó iltaobhacha.

### 6.4 Oibleagáid maidir le faisnéis a thabhairt – Iarscríbhinn B

Le hAirteagal 16(1) den Treoir, cuirtear d'oibleagáid ar an Stát forghníomhaitheach a admháil laistigh de sheachtain amháin tar éis dó an OIE a fháil, tríd an bhfoirm in Iarscríbhinn B a chomhlánú agus a sheoladh, go bhfuarthas é. Is é is cuspóir d'Iarscríbhinn B an Stát eisiúna a chur ar an eolas go bhfuarthas an OIE go cuí; is gné ríthábhachtach é chun teagmháil dhíreach a bhunú idir na húdaráis fhorghníomhaitheacha agus eisiúna.

Measann formhór na mBallstát go bhfuil Iarscríbhinn B oiriúnach dá feidhm, cé go raibh moltaí le haghaidh athruithe i roinnt de na tuarascálacha, mar shampla cuimsiú seoladh ríomhphoist a dhéanamh éigeantach nó deireadh a chur leis an ngá atá leis an bhfoirm a shíniú. Ós rud é go bhfuil spás san fhoirm le haghaidh aon fhaisnéis bhreise a mheastar a bheith ina cuidiú don údarás eisiúna chun go mbeidh toradh rathúil ar an nós imeachta comhair, creidtear go bhféadfaí an spás sin a úsáid chun an t-údarás eisiúna a chur ar an eolas faoi chomhlánú neamhiomlán nó mícheart na foirme a leagtar amach in Iarscríbhinn A, ina n-iarrtar ar an údarás eisiúna na nithe breise agus/nó na ceartúcháin uile is gá nó is iomchuí a dhéanamh.

Mhaígh roinnt Ballstát gur minic a bhí an fhaisnéis teagmhála a líon an Stát forghníomhaitheach isteach neamhiomlán nó mícheart. Ina theannta sin, luadh sna tuarascálacha gur roghnaigh roinnt cleachtóirí admháil fála a thabhairt trí mhodhanna eile seachas an fhoirm in Iarscríbhinn B, mar shampla trí ríomhphost a sheoladh.

Cé gur admhaigh roinnt cleachtóirí gur fhág a n-ualach oibre nó tosca eile go ndearna siad dearmad Iarscríbhinn B a sheoladh ó am go chéile, is é an phríomhchonclúid (íorónta) ar an ábhar seo gur cosúil go seoltar Iarscríbhinn B i gcónaí ach nach bhfaightear riamh í. Thuairiscigh údaráis eisiúna roinnt Ballstát gur mhinic a bhí orthu meabhrúcháin a sheoladh chuig an Stát forghníomhaitheach ós rud é nach bhfuair siad Iarscríbhinn B.

I bhfianaise an róil thábhachtaigh atá ag Iarscríbhinn B maidir le teagmháil dhíreach a bhunú, iarradh ar na Ballstáit go léir Iarscríbhinn B a sheoladh go córasach agus faisnéis teagmhála iomlán agus cheart a sholáthar don Stát eisiúna.

### **MOLTAÍ**

- *Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis in Atlas Breithiúnach EJN ceart, iomlán agus cothrom le dáta, chun gur fusa a bheidh sé an t-údarás inniúil forghníomhaitheach a shainaithint agus chun gur féidir teagmháil dhíreach a dhéanamh idir na húdaráis eisiúna agus na húdaráis fhorghníomhaitheacha.*
- *Moltar d'údaráis inniúla na mBallstát OIEnna a sheoladh trí mhodhanna leictreonacha i gcás inar féidir agus glacadh le OIEnna a fhaightear trí mheán leictreonach, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 7 den Treoir.*
- *Go dtí gur oibríochtúil an córas TF diláráithe le haghaidh OIE faoin Rialachán maidir leis an Digiteáil agus i gcás ina mbeartóidh na Ballstáit, chun críocha an Rialacháin maidir leis an Digiteáil, úsáid a bhaint as na bogearraí cur chun feidhme tagartha, moltar do na Ballstáit sin dlús a chur le cur chun feidhme threoirhionscadal eEDES agus na húdaráis inniúla uile a nascadh leis an gcóras sin, d'fhonn a áirithiú go ndéanfar OIEnna, cumarsáid ghaolmhar agus fianaise ghaolmhar a tharchur go tapa agus go slán.*
- *Ba cheart d'údaráis fhorghníomhaitheacha na mBallstát, chomh maith le húdaráis lárnacha, i gcás inarb infheidhme, Iarscríbhinn B a sheoladh go córasach. Ina theannta sin, ba cheart dóibh faisnéis teagmhála cheart agus iomlán a áireamh in Iarscríbhinn B agus ba cheart seoladh ríomhphoist a lua ann i gcónaí.*

## **7. RIACHTANAS, COMHRÉIREACHT AGUS DUL I MUINÍN CINEÁL EILE BIRT IMSCRÚDAITHIGH**

I gcomhréir le hAirteagal 6(1) den Treoir, ní fhéadfaidh an t-údarás eisiúna OIE a eisiúint ach amháin nuair atá sé riachtanach agus comhréireach chun críoch na n-imeachtaí agus dá bhféadfaí an beart imscrúdaitheach nó na bearta imscrúdaitheacha a ordú faoi na coinníollacha céanna i gcás intíre comhchosúil. Fágann an Treoir an measúnú ar cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha sin faoin údarás eisiúna (Airteagal 6(2)). Féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach dul i gcomhairle leis an údarás eisiúna nuair atá cúis aige lena chreidiúint nach bhfuil na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 á gcomhlíonadh, ach fágann an Treoir faoin údarás eisiúna é a chinneadh an ndéanfar nó nach ndéanfar an OIE a tharraingt siar tar éis an chomhairliúcháin sin, rud a chiallaíonn nár cheart é a bheith ina fhoras le neamh-fhorghníomhú (Airteagal 6(3)).

Léirigh an cleachtadh meastóireachta go gcuireann formhór na mBallstát na critéir chéanna i bhfeidhm a bheag nó a mhór agus measúnú á dhéanamh acu an bhfuil sé riachtanach agus comhréireach OIE a eisiúint. Is iad na gnéithe is tábhachtaí sa mheasúnú seo, i gcoitinne, tromchúis an chiona, cunóracht an bhirt, an féidir an fhianaise a fháil ar bhealaí eile agus tábhacht na fianaise don imscrúdú. I roinnt Ballstát, tá feidhm ag prionsabal na dlíthiúlachta, agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar an ngá atá le OIE a eisiúint agus ar a chomhréireacht. Is iondúil go mbíonn eisceachtaí ag na Ballstáit sin ó phrionsabal na dlíthiúlachta a chuireann ar a gcumas, mar sin féin, measúnú leordhóthanach a dhéanamh.

Ballstáit a bhfuil córas acu ina bhfuil údarás imscrúdaitheach inniúil chun OIE a eisiúint lena ngabhann nós imeachta um bailíochtú ina dhiaidh sin, tagann siad ar chásanna ó am go chéile ina mbíonn amhras ar an údarás um bailíochtú an gcomhlíontar prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta. Sna cásanna sin, féadfaidh an t-údarás um bailíochtú a chinneadh gan OIE a bhailíochtú ach, de réir cleachtóirí, is annamh a tharlaíonn sé sin go hiarbhír, ós rud é gur iondúil go bhféadfaidh na húdaráis teacht ar chomhaontú maidir le bealach chun cinn le chéile. Tá córas láraithe ag roinnt Ballstát agus éilíonn siad go seolfar gach OIE atá le heisiúint trí oifig speisialaithe, a bhíonn laistigh den tseirbhís ionchúisimh go minic. Tugadh faoi deara go bhféadfaidh cleachtóirí speisialaithe comhairle a chur ar a gcomhghleacaithe maidir le cúrsaí riachtanais agus comhréireachta, agus is minic a mhol na meastóirí é sin.

Cé go dtagann údaráis fhorghníomhaitheacha ar OIEnna ó am go chéile ina bhfuil an riachtanas agus an chomhréireacht amhrasach, dar leo, léiríodh sa mheastóireacht go leantar an nós imeachta comhairliúcháin i bhformhór na gcásanna agus go bhforghníomhaíonn an t-údarás forghníomhaitheach na OIEnna fós, i gcásanna áirithe tar éis teacht ar chomhaontú leis an údarás eisiúna maidir le bealach malartach chun cinn. Uaireanta, áfach, dhiúltaigh údaráis fhorghníomhaitheacha OIE a fhorghníomhú bunaithe ar a measúnú féin ar phrionsabal na comhréireachta, go sainráite nó go hintuigthe.

Ina theannta sin, le hAirteagal 10 den Treoir, tá an t-údarás forghníomhaitheach in ann dul ar iontaoibh cineál eile birt imscrúdaithe i gcásanna nach ann don bheart imscrúdaitheach sa Stát forghníomhaitheach, nach mbeadh sé ar fáil i gcás intíre comhchosúil nó i gcás ina mbainfeadh an beart imscrúdaitheach a roghnaigh an t-údarás forghníomhaitheach na torthaí céanna amach trí mhodhanna nach mbeadh chomh cunórach céanna. I ngach ceann de na cásanna sin, le hAirteagal 10(4) cuirtear d'oibleagáid ar an údarás forghníomhaitheach an t-údarás eisiúna a chur ar an eolas ar dtús, agus féadfaidh an t-údarás sin a chinneadh an OIE a tharraingt siar nó a fhorlíonadh.

Mar sin féin, cuireadh in iúl i roinnt tuarascálacha nach gcuireann na húdaráis fhorghníomhaitheacha an t-údarás eisiúna ar an eolas i gcónaí nuair a chinneann siad úsáid a bhaint as beart nach bhfuil chomh cunórach céanna. Mhínigh cleachtóirí nár mheas siad go raibh gá leis, ós rud é go mbíonn an toradh ceannann céanna ar an mbeart nach raibh chomh cunórach céanna agus a bheidh ar an mbeart a iarradh. Mar sin féin, mar a chuir na meastóirí in iúl, d'fhéadfadh iarmhairtí gan choinne a bheith ag an gcleachtas sin sa Stát eisiúna, agus dá bhrí sin mhol na foirne meastóireachta arís agus arís eile an t-údarás eisiúna a chur ar an eolas i gcónaí i gcomhréir le hAirteagal 10(4).

### **MOLTAÍ**

- ***Ba cheart d'údaráis fhorghníomhaitheacha na mBallstát an t-údarás eisiúna a chur ar an eolas i gcónaí i gcás ina dtéitear ar iontaoibh birt imscrúdaithe eile, i gcomhréir le hAirteagal 10(4) den Treoir.***

## **8. AITHINT AGUS FORGHNÍOMHÚ OIE, NA FOIRMIÚLACHTAÍ AGUS INGLACTHACHT FIANAISE**

### **8.1. Aithint agus forghníomhú i gcomhréir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh**

I gcomhréir le hAirteagal 9(1) den Treoir, ní mór don údarás forghníomhaitheach OIE a aithint gan aon fhoirmiúlachtaí eile agus a fhorghníomhú a áirithiú amhail is gur ordaíodh an beart imscrúdaitheach sa Stát forghníomhaitheach. Léiríodh sa mheastóireacht nach ndéanann formhór na mBallstát aon idirdhealú idir aithint agus forghníomhú agus nach ndéanann siad ach an cinneadh OIE a fhorghníomhú gan aon fhoirmiúlachtaí eile ach amháin i gcás ina bhfuil forais ann le neamhaithint, neamhfhorghníomhú nó lena chur siar. Déanann cúpla Ballstát idirdhealú idir aithint agus forghníomhú as a dtagann dhá chinneadh fhoirmiúla go minic. Luadh i dtuarascálacha áirithe, gur cheart, aon uair a bhíonn forais ann le neamhaithint nó le neamhfhorghníomhú, cinneadh sainráite a dhéanamh ina léirítear na forais is infheidhme maidir leis an gcás.

Ba mhínic, le linn na gcuartheanna, go ndearnadh plé ar tharchur an chinnidh bhreithiúnaigh náisiúnta bhunúsaigh. Ní dhéantar foráil sa Treoir maidir le hoibleagáid a bheith ar an údarás eisiúna an cinneadh breithiúnach náisiúnta a chur i gceangal le OIE.

Go deimhin, bhí go leor cleachtóirí go láidir den tuairim, mar gheall ar phrionsabal na muiníne frithpháirtí, nár cheart go mbeadh tarchur an chinnidh bhreithiúnaigh fholuitigh riachtanach agus gur leor an tagairt dó in Iarscríbhinn A. Is léir, áfach, sa chleachtas gur ann do Stáit fhorghníomhaitheacha a dteastaíonn an cinneadh breithiúnach foluiteach uathu agus ní fhorghníomhaítear OIE go bhfaightear é. Féadann mearbhall agus moill a theacht as sin, go háirithe i gcásanna nach ann d'aon chinneadh breithiúnach. I roinnt tuarascálacha, mheas na foirne meastóireachta go gcaithfí a mholadh nach n-éileodh na húdaráis fhorghníomhaitheacha an cinneadh breithiúnach foluiteach mar cheangaltán le OIE toisc nach féidir oibleagáid mar sin a bhaint ón Treoir. I gcúpla tuarascáil, iarradh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an ábhar sin i lámhleabhar faoi OIE.

I gcaitheamh na gcuairteanna, dúirt roinnt mhaith Ballstát go raibh sé deacair go minic, agus na torthaí ó Stát forghníomhaitheach ag teacht isteach chucu, a dhéanamh amach ar cuireadh OIE i gcrích go hiomlán nó go páirteach, go háirithe toisc go bhfuil na torthaí i dteanga an Stáit fhorghníomhaigh agus go bhféadfadh sé go mbeidís leagtha amach thar go leor leathanach. Measadh go minic gur dea-chleachtas a bhí ann, le moladh do na húdaráis fhorghníomhaitheacha, litir chumhdaigh a chur leis na torthaí nuair a bheidís á seoladh isteach ina míneofaí an ndearnadh OIE a fhorghníomhú go hiomlán nó go páirteach agus, más go páirteach, cad iad na bearta imscrúdaitheacha atá fós ar feitheamh. Maidir leis an nós imeachta chomhairliúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 9(6) den Treoir, moladh na Ballstáit chomh maith as an gcleachtas torthaí páirteacha a tharchur ‘ar bhonn rollach’, ag brath ar phráinn an cháis agus ar riachtanais an údaráis eisiúna.

## 8.2. Comhlíontacht na bhfoirmiúlachtaí agus inghlacthacht fianaise

Mar a shonraítear in Airteagal 9(2) den Treoir, ní mór do na húdaráis fhorghníomhaitheacha na foirmiúlachtaí arna sonrú ag an údarás eisiúna a chomhlíonadh, a fhad is nach bhfuil siad sin ag teacht salach ar phrionsabail bhunúsacha dhlí an Stáit fhorghníomhaigh.

Ar an ábhar sin, d’ardaigh na Ballstáit go leor dúshlán le linn na gcuairteanna. Ó thaobh na heisiúna de, rinneadh cur síos ar roinnt ócáidí nuair nár comhlíonadh na foirmiúlachtaí riachtanacha. Seo thíos cuid de na samplaí is minice a luaitear:

- ní raibh aon socruithe déanta ag an Stát forghníomhaitheach i dtaobh breitheamh, dlíodóir cosanta nó finnétithe a bheith i láthair le linn cuardach tí nó éisteachta, d’ainneoin gur oibleagáid é sin faoi dhlí an Stáit eisiúna.
- D’athraigh an t-údarás forghníomhaitheach, gan aon chomhairliúchán roimh ré, stádas an duine a bhí le héisteacht a fháil, agus d’athraigh sé sin na foirmiúlachtaí nós imeachta a bhain leis an stádas (e.g. *finné vs. duine atá faoi amhras*) rud a rinne dochar don imscrúdú sa Stát eisiúna.
- Níor seirbheáladh doiciméid ina raibh cearta nó fógra foirmiúil faoin stádas nós imeachta ar an duine lena mbaineann, d’ainneoin go gceanglaítear é sin faoi dhlí an Stáit eisiúna.
- Níor reáchtáladh éisteacht faoi mhionn, cé go raibh sé sin riachtanach d’inghlacthacht éisteachta mar sin mar fhianaise sa Stát eisiúna.

Ní maith iad na hiarmhairtí a lean neamhchomhlíonadh na bhfoirmiúlachtaí a iarradh mar shampla, caitheadh OIE eile a sheoladh chun an beart a iarradh a dhéanamh arís, nó iarmhairtí níos tromchúisí ná sin, neamh-inghlacthacht na fianaise nó níos measa fós, cliseadh imscrúdaithe iomláin.

De réir roinnt mhaith cleachtóirí agus meastóirí, tá tuiscint an-leathan ag roinnt údarás ar cad a chiallaíonn ‘prionsabail bhunúsacha an dlí’, agus iad ag diúltú d’fhoirmiúlachtaí áirithe díreach toisc nach ann dóibh faoina ndlí féin. Measadh go raibh fadhbanna ag baint leis an gcur chuige sin agus nach raibh sé i gcomhréir leis an Treoir.

Ó thaobh an fhorghníomhaithe de, rinne cleachtóirí cur síos ar roinnt foirmiúlachtaí agus iad a bheith anásta agus deacair. Ceistíonn roinnt Ballstát an chiall a bhaineann le doiciméad a sheirbheáil ar dhuine aonair cé nach bhfuil siad inniúil aon cheist a d’fhéadfadh a bheith ag an duine sin a fhreagairt. Ina theannta sin, dúirt na Ballstáit go mbíonn sé an-deacair uaireanta na foirmiúlachtaí a d’iarr an Stát eisiúna a thuiscint. D’fhéadfadh an dlí nós imeachta is infheidhme a bheith go hiomlán difriúil ó Bhallstát go chéile agus leis na míniúcháin fhadálacha chasta, nó neamh-leordhóthanacha uaireanta, éiríonn cúrsaí níos casta fós.

Leagtar béim i roinnt mhaith de na tuarascálacha ar a thábhachtaí atá sé na foirmiúlachtaí a iarrtar a chomhlíonadh toisc iad a bheith rí-thábhachtach i ndáil le hinghlacthacht fianaise sa Stát eisiúna. Sin an chúis go n-iarrtar ar na Ballstáit, arís agus arís eile, na foirmiúlachtaí a iarradh a urramú a mhéid is féidir agus an coincheap ‘bunphrionsabail an dlí’ a thuiscint ar bhealach cúng. Ag an am céanna, áfach, measadh gurbh iomchuí a mholadh go ndéanadh na húdaráis eisiúna tuairisc shoiléir a thabhairt ar na foirmiúlachtaí a iarradh agus ar a dtábhacht i Roinn I d’Iarscríbhinn A, á chur san áireamh ag am céanna gur dóichí nach bhfuil aon chur amach ag an léitheoir ar dhlí nós imeachta coiriúil an Bhallstáit i gceist.

Seachas na dúshláin maidir leis na foirmiúlachtaí a sainaitníodh, níor sainaitníodh sa mheastóireacht sin aon ghné shuntasach eile maidir le hinghlacthacht fianaise i gcomhthéacs OIE.

### **8.3. Teorainneacha ama agus práinne**

Tá roinnt cleachtóirí den tuairim go bhfuil an comhar trasteorann i bhfad níos tapúla anois ná mar a bhí faoi chóras CFD a bhuí leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear in Airteagal 12 den Treoir. Tháinig athrú ar ‘meon’ cleachtóirí i mBallstáit áirithe agus chabhraigh rannpháirtíocht níos mó ó Eurojust agus ó phointí teagmhála an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh (GBE) le feabhas a chur ar chomhlíonadh na dteorainneacha ama.

Mar sin féin, sainaitníodh roinnt dúshlán. Dúirt cleachtóirí gur gnách le roinnt Ballstát cloí leis na teorainneacha ama, ach gur minic a sháraíonn Ballstáit eile na spriocdhátaí dá bhforáiltear sa Treoir. Ina theannta sin, dúirt go leor údarás eisiúna gurbh annamh i gcás moille a tugadh fógra dóibh faoi na cúiseanna léi agus gur mhinic nár thug an t-údarás forghníomhaitheach aon fhreagra ar mheabhrúcháin ná ar iarrataí ar nuashonrú stádais. Léiríodh i roinnt tuarascálacha gur cheart do na húdaráis fhorghníomhaitheacha cloí leis na teorainneacha ama agus fógra a thabhairt don údarás eisiúna i gcás moille, agus na cúiseanna a bhí léi a thabhairt. Dealraíonn sé gurbh annamh a chuirtear i bhfeidhm sa chleachtas na forais le haghaidh cur siar dá bhforáiltear in Airteagal 15 den Treoir.

Ó thaobh an fhorghníomhaithe de, luaigh na Ballstáit gur sáraíodh teorainneacha ama uaireanta mar gheall ar chastacht an bhirt/na mbeart a iarradh, riaráistí agus ganntanas acmhainní, nó toisc go raibh faisnéis bhreise ag teastáil ón Stát eisiúna.

Le Roinn B d'Iarscríbhinn A, is féidir leis an Stát eisiúna tic a chur i mbosca lena léirítear práinn. Le linn na gcuairteanna, liostaigh na Ballstáit uile critéir chomhchosúla chun an lipéad práinneach a chur ar OIE: dáta trialach ar na bacáin, spriocamanna maidir le duine atá faoi amhras i gcoimeád, an riosca go scriosfaí fianaise, etc. Ar an taobh eile, dealraíonn sé go mbíonn na dúshláin chéanna roimh chleachtóirí ar fud an Aontais agus OIEnna, agus an lipéad práinneach orthu, á bhforghníomhú acu. Cé go raibh tic curtha leis an mbosca 'práinneach' a dúirt siad, ba mhinic nár tugadh aon chúis leis an bpráinn agus nach raibh tásca ná tuairisc den fhaisnéis thábhachtach ar nós dháta na trialach nó an rogha sprioc-ama le haghaidh forghníomhú. I gcásanna mar sin, molann na foirne meastóireachta do na Ballstáit uile, agus an lipéad 'práinneach' á chur ar OIE acu, an fhaisnéis ábhartha a chur isteach chun bunús a thabhairt leis an bpráinn sin. Ag an am céanna, moltar go n-úsáidfeadh na Ballstáit an lipéad 'práinneach' ar bhealach cháiréiseach ionas nach gcaillfeadh sé a stádas.

Ina theannta sin, luadh i roinnt tuarascálacha gurbh fhusa go mór cásanna práinneacha a réiteach ach an chumhacht dá bhforáiltear in Airteagal 8(3) pointe (b) agus (4) de Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), lena n-ionadaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle (Rialachán Eurojust) a thabhairt do na comhaltaí náisiúnta.

#### 8.4. Costais

Mar a shonraítear in Airteagal 21 den Treoir, ba cheart gurb é an Stát forghníomhaitheach go heisiach a sheasfadh an costas a bhaineann le OIE a fhorghníomhú ar chríoch an Stáit fhorghníomhaitheach. Chuir an reachtóir san áireamh áfach, go bhféadfadh costais fíor-arda a bheith ar fhorghníomhú OIE don Stát forghníomhaitheach. I gcásanna mar sin, féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach dul i gcomhairle leis an údarás eisiúna féachaint an bhféadfaí na costais a roinnt, más ea, conas, nó ar cheart OIE a mhodhnú. Mar is soiléir ó aithris 23, níor cheart costais fíor-arda a bheith ina bhforas breise le diúltú agus níor cheart mí-úsáid a bhaint astu ar bhealach a chuirfeadh moill nó bac ar fhorghníomhú OIE. Ar ndóigh, nuair nach féidir teacht ar chomhaontú, fágann an Treoir faoin údarás eisiúna cinneadh a dhéanamh (cuid de) OIE a tharraingt siar nó costais a mheastar a bheith fíor-ard a sheasamh.

Go praiticiúil, is beag Ballstát a raibh aon deacrachtaí móra acu le costais a bhí fíor-ard. Le linn roinnt cuairteanna, tugadh samplaí de chomhairliúcháin a raibh gá leo chun déileáil le ceisteanna a bhain le costais, ar nós iarraidh ar mhéid mór sonraí, tuarascálacha casta ó shaineolaithe nó tréimhse fhada cúlústeachta. Réitíodh na ceisteanna sin de ghnáth trí chomhairliúcháin idir an t-údarás forghníomhaitheach agus an t-údarás eisiúna. Anuas air sin, dúradh i roinnt tuarascálacha nár cheart a mheas go raibh costais na cosanta sainordaithe fíor-ard. D'áitigh roinnt Ballstát go bhfuil sé deacair an téarma ‘costais fíor-arda’ a shainiú agus bhí siad den tuairim go bhféadfadh treoirlínte ar leibhéal an Aontais ar an ábhar sin a bheith úsáideach.

## MOLTAÍ

- *Moltar go staonfadh údaráis fhorghníomhaitheacha na mBallstát ó bheith ag iarraidh go ndéanfadh an Stát eisiúna an cinneadh breithiúnach náisiúnta foluiteach a tharchur mar cheangaltán le OIE.*
- *Moltar d'údaráis fhorghníomhaitheacha na mBallstát, tráth a seolfar na torthaí chuig an Stát eisiúna, litir chumhdaigh a chur leis ina sonrúfar ar fhorghníomhaíodh OIE go hiomlán nó go páirteach. I gcás fhorghníomhú páirteach, agus maidir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 9(6) den Treoir, moltar d'údaráis fhorghníomhaitheacha na mBallstát dul i gcomhairle leis an Stát eisiúna maidir leis na torthaí a tharchur 'ar bhonn rollach', ag brath ar phráinn an cháis agus ar riachtanais an údaráis eisiúna.*
- *Ba cheart d'údaráis fhorghníomhaitheacha na mBallstát a áirithiú go gcomhlíontar na foirmiúlachtaí a iarradh a mhéid is féidir agus nach ndiúltaítear iad ach amháin má thagann siad salach ar 'prionsabail bhunúsacha an dlí', agus an coincheap sin a thuiscint ar bhealach cúng, rud a chiallaíonn nár cheart na foirmiúlachtaí a iarradh a dhiúltú díreach toisc nach ann dóibh faoina ndlí náisiúnta féin. Moltar ag an am céanna, áfach, go ndéanfadh údaráis eisiúna na mBallstát cur síos soiléir i Roinn I ar na foirmiúlachtaí a iarradh agus ar an tábhacht a bhaineann leo.*
- *Moltar go gcloífeadh údaráis fhorghníomhaitheacha na mBallstát leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear sa Treoir d'aithint agus d'fhorghníomhú OIE agus i gcás moilleanna, an Stát eisiúna a chur ar an eolas a luaithe is féidir, agus na cúiseanna a bhí leo a thabhairt.*
- *Moltar d'údaráis eisiúna na mBallstát, agus an lipéad á chur acu le OIE, an fhaisnéis ábhartha uile a sholáthar chun bunús a thabhairt leis an bpráinn sin. Ag an am céanna, moltar dóibh an lipéad 'práinneach' a úsáid ar bhealach cháiréiseach lena áirithiú nach gcaillfeadh sé a stádas.*

## 9. RIAIL NA SPEISIALTEACHTA

### 9.1. Úsáid fianaise in imeachtaí eile ag an Stát eisiúna

Murab ionann agus creataí dlíthiúla eile, níl foráil ghinearálta sa Treoir maidir le riail na speisialtachta, agus is é an t-aon eisceacht amháin atá ann an fhoráil maidir le haistriú sealadach (Airteagal 22(8) den Treoir). Toisc gan an fhoráil ghinearálta sin a bheith ann, d'fhéadfaí a cheapadh nach bhfuil feidhm ag riail na speisialtachta i gcomhthéacs na Treorach. Léiríodh go soiléir sa mheastóireacht áfach go bhfuil tuairimí éagsúla ag na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm riail na speisialtachta i gcomhthéacs OIE, agus tharlódh nach mbeadh cleachtóirí sa Bhallstát céanna fiú amháin ar aon fhocal maidir le cé acu atá nó nach bhfuil riail na speisialtachta infheidhme agus má tá, a mhéid atá sí infheidhme.

Ar thaobh amháin, tá líon mór Ballstát den tuairim go bhfuil feidhm ag riail na speisialtachta i gcomhthéacs OIE, cé nach ionann an réasúnaíocht ag gach Ballstát. Creideann roinnt Ballstát go ndearbhaítear riail na speisialtachta in Airteagal 19(3) den Treoir maidir le rúndacht, agus gur cineál rúndachta í riail na speisialtachta. Braitheann roinnt Ballstát eile ar riail na speisialtachta ina ndlí náisiúnta, agus creideann Ballstáit eile gur prionsabal ginearálta den chomhar breithiúnach idirnáisiúnta é agus go bhfuil feidhm aige maidir le gach ionstraim i réimse an chomhair in ábhair choiriúla. Iad siúd a chreideann go láidir i riail na speisialtachta tagraíonn siad do phrionsabail an riachtanais agus na comhréireachta lena léiriú go gcaithfidh feidhm a bheith ag riail na speisialtachta; mura ndéanfaí amhlaidh, d'fhéadfaí fianaise a úsáid i gcásanna nach mbeadh sé riachtanach ná comhréireach OIE a eisiúint.

Ó thaobh na heisiúna de, lorgóidh formhór na n-údarás eisiúna sna Ballstáit sin toiliú ón Stát forghníomhaitheach nuair is mian leo úsáid a bhaint as an bhfianaise a sholáthair na húdaráis fhorghníomhaitheacha in imeachtaí eile. Ó thaobh na forghníomhaithe de, déarfadh roinnt údarás sna Ballstáit sin go sainráite nach féidir an fhianaise atá le tarchur a úsáid ach amháin chun na gcríoch dár iarradh í. Ní shonraíonn údaráis eile na coinníollacha sin ach déanann siad talamh slán de nach n-úsáidfear an fhianaise chun aon chríche eile. Athraíonn an tslí ar cheart measúnú ar iarraidh ar thoiliú a dhéanamh ó Bhallstát go Ballstát. Déantar an mheastóireacht de ghnáth féachaint dá mba OIE ar leithligh a bhí san iarraidh ar thoiliú, an ndéanfaí an OIE sin a fhorghníomhú.

Ar an taobh eile, tá grúpa Ballstát ann a chreideann nach bhfuil feidhm ag riail na speisialtachta i gcomhthéacs OIE. Cuireann cuid de na Ballstáit sin *Treoir (AE) 2016/680 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údarás inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle* i bhfeidhm maidir le húsáid fianaise a fuarthas mar Stát eisiúna. Dar leo, foráiltear leis an Treoir seo do shaorshreabhadh sonraí, rud a fhágann gur féidir fianaise a úsáid in imeachtaí eile, fad a chloítear leis na prionsabail cosanta sonraí agus nach bhfuil sé ráite go sainráite ag an Stát forghníomhaitheach nach féidir an fhianaise a úsáid ach amháin chun na gcríoch a leagtar amach in OIE.

I bhfianaise na dtuairimí éagsúla sin, i bhformhór na dtuarascálacha tíre baineadh de thátal go bhfuil soiléireacht ar an ábhar sin tábhachtach agus riachtanach, agus sin an chúis go bhfuil iarrtha go minic ar an gCoimisiún togra reachtach a thíolacadh lena shoiléiriú cé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag riail na speisialtachta i gcomhthéacs OIE.

## **9.2. Imscrúduithe coiriúla nua a thionscnamh tar éis OIE a fhorghníomhú**

Chuir roinnt Ballstát in iúl go ndéanfaidh siad imscrúdú intíre a thionscnamh más rud é, le linn OIE a fhorghníomhú, go dtagann faisnéis chun solais go ndearnadh coir seachas an choir ba chúis le OIE a eisiúint ar chríoch an Bhallstáit sin (fionnachtain de thaisme). Tá sé d'oibleagáid ar chuid acu é sin a dhéanamh, toisc iad a bheith faoi cheangal ag prionsabal na dlíthiúlachta. Mar sin féin, ní chuireann gach Ballstát an Stát eisiúna ar an eolas má dhéantar imscrúdú intíre a thionscnamh ar bhonn OIE.

Ar mhaithe le comhordú agus chun díobháil a d'fhéadfadh a bheith ann d'imscrúdú an Stáit eisiúna a chosc, moladh i roinnt tuarascálacha gur cheart do gach údarás forghníomhaitheach an t-údarás eisiúna a chur ar an eolas má thionscnaítear imeacht intíre tar éis OIE a fháil nó bunaithe ar fhianaise a bailíodh faoi chuimsiú OIE, má bhaineann an cás intíre leis an gcás ar eisíodh OIE ina leith.

## MOLTAÍ

- *Iarrtar ar an gCoimisiún a shoiléiriú an bhfuil feidhm ag rial na speisialtachta i gcomhthéacs OIE nó nach bhfuil, trí thogra reachtach a thíolacadh, más gá sin, chun an Treoir a leasú.*
- *Ar mhaithe le comhordú agus chun díobháil a d'fhéadfadh a bheith ann d'imscrúdú an Stáit eisiúna a chosc, moltar go gcuirfeadh údaráis fhorghníomhaitheacha na mBallstát an Stát eisiúna ar an eolas má thionscnaítear imeacht intíre tar éis OIE a fhorghníomhú, má bhaineann an cás intíre leis an gcás ar eisíodh OIE ina leith.*

## 10. FORAIS LE NEAMHAITHINT NÓ LE NEAMH-FHORGHNÍOMHÚ

### 10.1. Ginearálta

Liostaítear in Airteagal 11 den Treoir na forais le neamhaithint nó le neamh-fhorghníomhú is infheidhme maidir le gach beart imscrúdaitheach, agus rialaítear le forálacha eile den Treoir forais bhreise le neamhaithint nó le neamh-fhorghníomhú a bhaineann go sonrach le bearta imscrúdaitheacha áirithe.

Thuairiscigh cleachtóirí ó na Ballstáit uile líon beag cásanna inar agraíodh forais le neamhaithint nó le neamh-fhorghníomhú, ina gcáil mar údaráis eisiúna nó fhorghníomhaitheacha. Deimhníodh an méid sin freisin le sonraí staidrimh maidir le líon íseal na gcásanna neamh-fhorghníomhaithe, cé go raibh siad teoranta do na Ballstáit a raibh staidreamh den sórt sin ar fáil ina leith.

Is cúiseanna fíorasacha iad na cúiseanna is minice nach bhforghníomhaítear OIEnna (e.g. níl cónaí ar an duine a n-éistfear leis sa Stát forghníomhaitheach a thuilleadh ná ní féidir é a rianú), agus ní bhaineann aon cheann de na forais le neamhaithint nó le neamh-fhorghníomhú dá bhforáiltear in Airteagal 11 ná leis na forais bhreise le neamhaithint nó le neamh-fhorghníomhú a bhaineann go sonrach le bearta imscrúdaitheacha áirithe.

Thuairiscigh cleachtóirí freisin cásanna ina raibh an OIE a fuarthas thar a bheith neamhiomlán nó míchruinn lena fhorghníomhú (e.g. níor tugadh a ndóthain sonraí chun an duine a ndearna an beart difear dó a shainaithint ná ní raibh sé soiléir cén beart imscrúdaitheach ba cheart a dhéanamh), agus níor tugadh aon fhaisnéis bhreise, fiú arna iarraidh sin do na húdaráis fhorghníomhaitheacha, rud a d'fhág go raibh neamh-fhorghníomhú ann ar deireadh. I ndáil leis sin, chuir na foirne meastóireachta i dtábhacht i roinnt tuarascálacha nár cheart diúltú go huathoibríoch an OIE a fhorghníomhú toisc nár leor ábhar an OIE, mar shampla faisnéis neamhleor, earráidí aistriúcháin nó lochtanna foirmiúla (e.g. níor shínigh é), ach gur cheart dul i mbun comhairliúcháin leis na húdaráis eisiúna (féach Caibidil 5 freisin).

Sna tuarascálacha meastóireachta maidir le Ballstáit aonair, cuirtear díolaim shuimiúil ar fáil de chásanna neamh-fhorghníomhaithe (cinn neamhghnácha uaireanta) a ndéanann cleachtóirí cur síos orthu, ina cháil mar údaráis eisiúna agus mar údaráis fhorghníomhaitheacha araon. I gcás roinnt de na cásanna sin, chuir na foirne meastóireachta amhras in iúl maidir le comhoiriúnacht an diúltaithe le forálacha na Treorach.

Is cosúil go gcomhlíontar na sásraí comhairliúcháin atá beartaithe sa Treoir (go háirithe in Airteagail 10(4) agus 11(4)) ar bhonn rialta. Sula gcinneann sé gan OIE a aithint ná a fhorghníomhú, is iondúil go dtéann an t-údarás forghníomhaitheach i gcomhairle leis an údarás eisiúna agus, i gcás inarb iomchuí, iarrann sé faisnéis bhreise chun a mheas a thuilleadh an bhfuil forais ann le diúltú.

Mar sin féin, thuairiscigh roinnt údaráis eisiúna cásanna inar tugadh fógra dóibh faoi dhiúltú gan dul i gcomhairle leo roimh ré. Ina theannta sin, i gcásanna áirithe, cuireadh OIE ar ais gan cinneadh foirmiúil a raibh bonn cirt leis a sholáthar agus níor cuireadh an foras le neamh-fhorghníomhú in iúl ach amháin i gcomhfhreagras ina dhiaidh sin. I ndáil leis sin, cuireadh in iúl, i gcásanna maidir le neamh-fhorghníomhú, gur cheart na cúiseanna agus an bunús dlí le neamh-fhorghníomhú a chur in iúl go pras don údarás eisiúna.

Leagadh béim go minic le linn na meastóireachta ar an tábhacht a bhaineann le réamhchomhairliúchán. I dtaithí go leor cleachtóirí, i gcás ina dtagann saincheistanna chun cinn maidir leis na forais le diúltú a d'fhéadfadh a bheith ann, sa chomhairliúchán díreach is minic a bhíonn údarás forghníomhaitheach in ann athmheastóireacht a dhéanamh ar infheidhmeacht an fhorais le neamh-fhorghníomhú a agraíodh ar dtús (e.g. trí níos mó faisnéise a fháil maidir leis an imscrúdú coiriúil agus trí mheasúnú cuí a dhéanamh ar cé acu a d'údarófaí nó nach n-údarófaí an beart a iarradh i gcás intíre comhchosúil). I dtuarascálacha áirithe, mhol na foirne meastóireachta údaráis fhorghníomhaitheacha na mBallstát as an sásra comhairliúcháin a chur chun feidhme i ngach cás ina bhféadfaí diúltú. I dtuarascáil amháin, moladh gur cheart raon feidhme an nós imeachta comhairliúcháin éigeantaigh a leagtar síos in Airteagal 11(4) a leathnú chuig forais bhreise le neamh-fhorghníomhú<sup>12</sup>.

Tugadh aghaidh go minic i gcomhthéacs an bhabhta meastóireachtaí seo ar an tsaincheist maidir le trasú cuí fhorálacha na Treorach a bhaineann le forais le neamhaithint nó le neamh-fhorghníomhú.

Cé gur roghnach iad na forais uile le neamhaithint nó le neamh-fhorghníomhú sa Treoir, tá roinnt Ballstát tar éis iad go léir nó cuid díobh a dhéanamh sainordaitheach, agus an Treoir á trasú acu.

---

<sup>12</sup> Le hAirteagal 11(4) den Treoir, ní fhoráiltear do chomhairliúcháin éigeantacha ach amháin i gcásanna maidir le neamhaithint/neamh-fhorghníomhú dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (d), (e) agus (f) d'Airteagal 11(1).

Rinne na foirne meastóireachta scrúdú cúramach ar na cúiseanna a thug údaráis na mBallstát maidir leis an rogha foráil a dhéanamh d'fhorais éigeantacha le neamhathint nó le neamh-fhorghníomhú. De réir údaráis roinnt Ballstát, bheadh forais roghnacha ar neamhréir lena gcreat dlíthiúil náisiúnta nó lena dtraidisiún dlíthiúil faoi seach nó cheanglófaí ar an reachtóir critéir mhionsonraithe a leagan amach chun rogha bhreithiúnach a fheidhmiú. Luadh gur chúis í an deimhneacht dhlíthiúil freisin le forais éigeantacha le neamh-fhorghníomhú. Ina theannta sin, measann roinnt cleachtóirí go bhfuil roinnt de na forais le neamh-fhorghníomhú a liostaítear in Airteagal 11 den Treoir de chineál a fhágann, a luaithe a chinnfear go bhfuil ceann acu infheidhme, nach féidir iad a fhorghníomhú (e.g. sárú ar chearta bunúsacha), agus nach mbeadh toradh éagsúil ann go hiarbhir i ngeall ar fhoclaíocht éagsúil sa reachtaíocht trasuite ('féadfaidh' seachas 'déanfaidh').

Ina theannta sin, tá forais bhreise le neamhathint nó le neamh-fhorghníomhú tugtha isteach ag roinnt Ballstát nach bhforáiltear do na forais sin sa Treoir.

Cé gur cosúil nach raibh trasuí míchuí na Treorach ina chúis le fadhbanna sistémacha móra go hiarbhir, mar a léiríodh leis an ráta íseal diúltuithe, tugadh le fios sa bhabhta meastóireachtaí sin, trí na forais uile le neamhathint nó le neamh-fhorghníomhú a dhéanamh éigeantach, gur chuir roinnt Ballstát cosc (nó go bhféadfaidís cosc a chur) ar na húdaráis inniúla OIEnna a fhorghníomhú, ar dócha go bhforghníomhófaí iad murach sin.

Tugadh roinnt samplaí le linn na gcuariteanna ar an láthair, ina dtagraítear, *inter alia*, d'easpa toilithe an duine atá faoi choinneáil a trasuódh i reachtaíocht roinnt Ballstát mar fhoras éigeantach le neamh-fhorghníomhú OIEnna arna n-eisiúint le haghaidh aistriú sealadach; nó d'easpa toilithe an duine atá faoi amhras/atá cúisithe maidir le OIEnna arna n-eisiúint le haghaidh éisteachta trí fhíschomhdháil.

Dá bhrí sin, i roinnt tuarascálacha, mhol na foirne meastóireachta do na Ballstáit lena mbaineann a marana a dhéanamh ar a reachtaíocht trasuite a ailiniú leis an Treoir agus na forais uile le neamhathint nó le neamh-fhorghníomhú a dhéanamh roghnach agus na forais le neamhathint nó le neamh-fhorghníomhú a theorannú do na forais sin dá bhforáiltear sa Treoir. Cuireadh i dtábhacht, de mheon na muiníne frithpháirtí agus an aitheantais fhrithpháirtigh, gur cheart forghníomhú OIEnna a bheith ina riail réamhshocraithe, agus gur cheart diúltú a bheith ina eisceacht, a léirmhíneofaí ar bhealach docht.

## 10.2. Coiriúlacht dhúbailte

Fiú in éagmais sonraí staidrimh cuimsitheacha, dealraíonn sé gurb é an foras is coitianta le neamh-fhorghníomhú OIEnna an easpa coiriúlacht dhúbailte mar a leagtar síos in Airteagal 11(1)(g) den Treoir. Níl feidhm ag an bhforas le diúltú sin maidir leis na bearta imscrúdaitheacha dá dtagraítear in Airteagal 10(2) (bearta neamh-chomhéigheacha) agus i gcásanna ina mbaineann an OIE le ceann de na cionta coiriúla a liostaítear in Iarscríbhinn D, atá díolmhaithe ó fhíorú na coiriúlachta dúbailte má tá an cion inphionóis sa Stát eisiúna le pianbhreith choimeádta nó le hordú coinneála ar feadh uastréimhse 3 bliana ar a laghad.

Bhain samplaí a tugadh le linn na meastóireachta, *inter alia*, le sáruithe tráchta, cásanna ina ndearnadh sárú ar oibleagáidí cothabhála agus cionta cánacha.

I gcoitinne, ní raibh fadhbanna móra ag cleachtóirí maidir le coiriúlacht dhúbailte i gcomhthéacs OIE, ina gcáil mar údarás eisiúna nó forghníomhaitheach. Mar sin féin, chuir údaráis bhreithiúnacha ó roinnt Ballstát i dtábhacht go bhfuil sé ríthábhachtach tuairisc shoiléir a thabhairt ar an gcion coiriúil, ionas go mbeidh an t-údarás forghníomhaitheach in ann a mheas an cion coiriúil é an gníomh faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh.

Cé is moite de chúpla cás, níor tháinig cleachtóirí ar chásanna inar agraíodh tástáil na coiriúlachta dúbailte i ndáil leis na bearta imscrúdaitheacha a liostaítear in Airteagal 10(2) den Treoir (bearta neamh-chomhéigheacha).

Chuir cleachtóirí ó roinnt Ballstát in iúl go raibh líon teoranta cásanna ann inar cuireadh tástáil na coiriúlachta dúbailte i bhfeidhm go míchuí i ndáil leis na catagóirí cionta a leagtar amach in Iarscríbhinn D. I ndáil leis sin, chuir na foirne meastóireachta i dtábhacht gur faoin údarás eisiúna atá sé, faoi Airteagal 11(1)(g) den Treoir, a léiriú an dtagann an cion faoi cheann de na catagóirí a liostaítear in Iarscríbhinn D.

### 10.3. *Ne bis in idem*

I gcomhréir le hAirteagal 11(1)(d) den Treoir, féadfar aithint nó forghníomhú OIE a dhiúltú i gcás ina mbeadh forghníomhú OIE contrártha le prionsabal *ne bis in idem*. Níor tuairiscíodh aon fhadhb mhór maidir le cur i bhfeidhm an fhorais le diúltú sin.

Tá clár náisiúnta de thaifid choiriúla ag gach Ballstát. Tá bunachar sonraí lárnach ann de chásanna coiriúla roimhe seo agus de chásanna coiriúla leanúnacha i roinnt Ballstát, rud a chuirfeadh ar chumas an údaráis fhorghníomhaithigh ní hamháin sáruihte féideartha ar an bprionsabal *ne bis in idem* a fhíorú, ach naisc agus idirnaisc le himscrúduithe leanúnacha intíre a fhíorú freisin. Bunaithe ar thoradh na meastóireachtaí, áfach, is cosúil nach seiceálann na húdaráis fhorghníomhaitheacha go rialta i roinnt Ballstát gur ann do chinntí roimhe sin a bheadh ina *ne bis in idem*, ná nach bhfioraíonn siad an bhfuil imscrúduithe náisiúnta ar siúl i ndáil leis an ngníomh céanna agus/nó i gcoinne an duine chéanna. Chuir cleachtóirí ó roinnt Ballstát in iúl go mbeadh an prionsabal *ne bis in idem* ina argóint arna tabhairt ag an duine atá faoi amhras/cosantóir, a bhfuiltear ag dréim go dtarraingeoidh sé an tsaincheist sin anuas.

I dtuarascálacha áirithe, áfach, mheas na foirne meastóireachta gurbh iomchuí na Ballstáit a spreagadh chun na modhanna atá ar fáil dóibh a úsáid chun a mheas an bhféadfadh sárú féideartha ar an bprionsabal *ne bis in idem* a bheith ann, agus d'iarr siad ar na Ballstáit nach bhfuil bunachar sonraí lárnach náisiúnta acu maidir leis na cásanna coiriúla uile atá ar siúl agus atá tugtha chun críche bunachar sonraí den sórt sin a bhunú.

### 10.4. Díolúintí nó pribhléidí

De bhun Airteagal 11(1)(a) den Treoir, féadfar aithint nó forghníomhú OIE a dhiúltú i gcásanna ina bhfuil díolúine nó pribhléid ann faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh a fhágann nach féidir an OIE a fhorghníomhú, nó i gcás ina bhfuil rialacha ann maidir le dlíteanas coiriúil a chinneadh agus a theorannú a bhaineann le saoirse an phreasa agus leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i meáin eile, rud a fhágann nach féidir an OIE a fhorghníomhú.

Mar a shoiléirítear in aithris 20 den Treoir, níl aon sainmhíniú comhchoiteann ann ar cad is díolúine nó pribhléid ann i ndlí an Aontais; fágtar sainmhíniú beacht na dtéarmaí sin faoin dlí náisiúnta. Tugadh le fios sna meastóireachtaí, fiú i reachtaíocht roinnt Ballstát, nár bunaíodh aon choincheap ginearálta díolúine ná pribhléide. Tá na díolúintí agus na pribhléidí a thugtar do dhaoine i bpoist agus i ngairmeacha áirithe leagtha síos i ndlíthe sonracha.

I bhformhór na mBallstát, ní raibh taithí ag cleachtóirí ar aon chás inar agraíodh an foras le diúltú sin, ina gcáil mar údaráis eisiúna nó fhorghníomhaitheacha. Luaigh roinnt cleachtóirí cásanna inar eisíodh an OIE chun oifigí dlíodóirí a chuardach, rud a tharraing anuas saincheist na gcosaintí atá ag gairm an dlí.

Tharraing an Ballstát atá ina óstach ar roinnt de na suíocháin ag institiúidí an Aontais saincheisteanna sonracha anuas maidir le cur i bhfeidhm an fhorais le diúltú sin. Thuairiscigh na húdaráis fhorghníomhaitheacha inniúla cásanna inar eisíodh OIE chun doiciméid a urghabháil ó dhuine atá ag obair mar oifigeach d'institiúid de chuid an Aontais nó le haghaidh éisteacht oifigigh de chuid an Aontais. Sna cásanna sin, nuair a tháinig saincheist chun cinn a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le díolúintí agus/nó pribhléidí, agus nuair ba ghá dul i dteagmháil leis an údarás atá inniúil chun na díolúintí/pribhléidí sin a tharscaoileadh, bhí sé dúshlánach freagra a fháil ón institiúid de chuid an Aontais lenar bhain. Chinn na húdaráis fhorghníomhaitheacha an t-ábhar a tharchur chuig an Stát eisiúna, i gcomhréir le hAirteagal 11(5) den Treoir, lena bhforáiltear, i gcás ina bhfuil an chumhacht ag eagraíocht idirnáisiúnta an phribhléid nó an díolúine a tharscaoileadh, gur faoin Stát eisiúna atá sé a iarraidh ar an údarás lena mbaineann an chumhacht sin a fheidhmiú.

Mheas an fhoireann meastóireachta gurbh iomchuí a mholadh go n-ainmneoidh institiúidí uile an Aontais pointe teagmhála amháin an ceann d'údaráis inniúla na mBallstát i gcásanna ina mbeidh gá le comhar ó institiúid de chuid an Aontais chun OIE a fhorghníomhú agus d'iarr sí ar institiúidí an Aontais a áirithiú go bpróiseálfar na hiarrataí sin agus go gcuirfear freagraí ar fáil don Bhallstát lena mbaineann.

## 10.5. Cearta bunúsacha

Is í an Treoir an chéad ionstraim aitheantais fhrithpháirtigh lena bhforáiltear go sainráite d'fhoras le neamhaithint/neamh-fhorghníomhú a bhaineann le sárúithe féideartha ar chearta bunúsacha. I gcomhréir le hAirteagal 11(1)(f) den Treoir, féadfar aithint nó forghníomhú OIE a dhiúltú má tá forais shubstantiúla ann lena chreidiúint nach mbeadh forghníomhú an bhirt imscrúdaithe ag luí le hoibleagáidí an Stáit forghníomhaithe i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Is díol spéise é, bunaithe ar thorthaí na meastóireachtaí, gur ar éigean a cuireadh an foras le neamhfhorghníomhú sin i bhfeidhm go hiarbhir riamh. Níor tuairiscíodh ach cás amháin inar diúltaíodh OIE arna eisiúint le haghaidh aistriú sealadach, a fhorghníomhú, mar gheall ar dhrochdhálaí coinneála sa Stát eisiúna.

Tugadh aghaidh freisin ar shaincheist na gceart bunúsach i gcásanna a bhaineann le forghníomhú OIEnna le linn na príomhthrialach arna n-eisiúint le haghaidh éisteacht duine chúisithe trí fhíschomhdháil.

Mar sin féin, mar a cuireadh in iúl i dtuarascálacha áirithe, is cásanna iad sin ina ndealraíonn sé go mbíonn mearbhall ar údarais fhorghníomhaitheacha idir foras ginearálta 'cearta bunúsacha' maidir le neamh-fhorghníomhú dá bhforáiltear in Airteagal 11(1)(f) den Treoir agus idir prionsabail bhunúsacha chóras dlí an Stáit fhorghníomhaithigh (Airteagal 24(2)(b) den Treoir). Pléitear le saincheistanna a bhaineann le héisteachtaí trí fhíschomhdháil ar bhealach níos mionsonraithe i gCaibidil 12.3. Is leor a chur in iúl anseo go ndiúltaíonn roinnt Ballstát ag céim na trialach OIEnna a fhorghníomhú arna n-eisiúint le haghaidh éisteacht duine chúisithe trí fhíschomhdháil, fiú i gcás ina dtugann an duine atá cúisithe a thoilíú. Sna cásanna sin, tá na húdarais fhorghníomhaitheacha den tuairim go ndéanfaí sárú ar phrionsabal na neasachta agus/nó ar phrionsabail bhunúsacha eile a gcórais dlí dá ndéanfaí OIEnna a fhorghníomhú. Sa chomhthéacs sin, uaireanta tarraingítear anuas an cheist maidir le hurraim do chearta bunúsacha an duine atá cúisithe chun míniú a thabhairt ar an bhfáth a meastar go bhfuil éisteachtaí trí fhíschomhdháil ar neamhréir le bunphrionsabail chóras dlí an Stáit fhorghníomhaithigh.

## MOLTAÍ

- *Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, i gcomhréir leis an Treoir, go sainmhínítear na forais uile le neamhaithint/neamh-fhorghníomhú mar fhorais roghnacha ina reachtaíocht trasuite. Ina theannta sin, níor cheart aon fhoras breise le neamhaithint/neamh-fhorghníomhú a bhunú seachas na forais sin dá bhforáiltear sa Treoir.*
- *Ba cheart d'údaráis fhorghníomhaitheacha na mBallstát an nós imeachta comhairliúcháin éigeantach a leagtar síos in Airteagal 11(4) den Treoir a chomhlíonadh. I gcásanna ina mbreithneoidh údaráis fhorghníomhaitheacha na mBallstát aon cheann de na forais eile le neamhaithint/neamh-fhorghníomhú dá bhforáiltear sa Treoir a chur i bhfeidhm, moltar dóibh, sula gcinnfidh siad gan OIE a aithint nó a fhorghníomhú, dul i gcomhairle leis an údarás eisiúna agus, i gcás inarb iomchuí, faisnéis bhreise a iarraidh, d'fhonn measúnú cuí a dhéanamh an ann do na coinníollacha a bhaineann le foras le neamhaithint/neamh-fhorghníomhú.*

## 11. LEIGHEASANNA DLÍ

### 11.1. Leigheasanna dlí sa Stát eisiúna agus sa Stát forghníomhaitheach

De bhun Airteagal 14(1) den Treoir, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh leigheasanna dlí atá coibhéiseach leo siúd atá ar fáil i gcás intíre comhchosúil infheidhme maidir leis na bearta imscrúdaitheacha a léirítear san OIE. Ní fhéadfar agóid a dhéanamh in aghaidh na gcúiseanna substaintiúla chun an OIE a eisiúint ach amháin i gcaingean arna tionscnamh sa Stát eisiúna, gan dochar do ráthaíochtaí na gceart bunúsach sa Stát forghníomhaitheach (Airteagal 14(2)).

Bunaithe ar thorthaí an bhabhta sin de mheastóireachtaí, ar an iomlán, áirithíonn na Ballstáit, mar Stát eisiúna agus mar Stát forghníomhaitheach araon, go bhfuil na leigheasanna atá ar fáil i gcásanna intíre comhchosúla infheidhme freisin maidir le bearta imscrúdaitheacha a iarrtar agus a fhorghníomhaítear i gcomhthéacs OIE.

Mar Stát forghníomhaitheach, ní dhéanann ach líon beag Ballstát foráil maidir le leigheas sonrach i gcoinne an chinnidh lena n-aithnítear, nó lena n-ordaítear, OIE a fhorghníomhú. I bhformhór na mBallstát, is é an beart imscrúdaitheach a dhéantar chun an OIE a fhorghníomhú a bhféadfaidh na páirtithe sna himeachtaí agus/nó an duine a ndéanann an beart difear dó agóid a dhéanamh ina choinne. I gcomhréir le hAirteagal 14(2) den Treoir, foráiltear go sainráite go minic le reachtaíocht trasuite na mBallstát nach bhféadfar agóid a dhéanamh i gcoinne na gcúiseanna substainteacha is bonn le heisiúint OIE ach amháin sa Stát eisiúna.

Is iomaí leigheas atá ann ó Bhallstát go Ballstát: má ordaíonn ionchúisitheoir poiblí an beart imscrúdaitheach, i gcuid mhaith Ballstát, féadfaidh an duine lena mbaineann agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh os comhair ionchúisitheoir níos airde nó os comhair breithimh; i gcásanna ina n-éilítear leis an mbeart imscrúdaitheach cinneadh nó údarú ó bhreitheamh (e.g. breitheamh imscrúdaithe), féadfar achomharc a thaisceadh i gcoinne an chinnidh nó an údaráithe sin os comhair cúirte níos airde. I roinnt Ballstát, déantar foráil maidir le leigheasanna in aghaidh bearta imscrúdaitheacha sonracha (e.g. cuardaigh); i mBallstáit eile, tá leigheas ginearálta ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht aon bheart imscrúdaitheach nó chun aon sárú ar chearta an duine lena mbaineann a cheistiú.

Mar Stát eisiúna, ní dhéanann formhór na mBallstát foráil maidir le leigheas sonrath dlí i gcoinne OIE a eisiúint mar sin. Is é bunordú an ionchúisitheora nó na cúirte a bhféadfaidh an páirtí lena mbaineann agóid a dhéanamh ina choinne (e.g. ordú cuardaigh) mar a dhéantar i gcás intíre. Ina theannta sin, chuir cleachtóirí i dtábhacht gur féidir agóid a dhéanamh in aghaidh bhailíocht agus/nó inghlacthacht na fianaise a bhailítear trí OIE ag céimeanna éagsúla de na himeachtaí coiriúla.

I dtuascálacha áirithe, chuir na foirne meastóireachta i dtábhacht go bhfuil faisnéis maidir le leigheasanna dlí atá ar fáil fíor-riachtanach chun é a chur ar a chumas don duine lena mbaineann athbhreithniú breithiúnach éifeachtach a lorg. Dá bhrí sin, agus é á aithint acu, i gcás go leor bearta imscrúdaitheacha, nach mbeadh ach leigheas dlí *ex post* ar fáil, mhol na foirne meastóireachta do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfí an fhaisnéis sin ar fáil go tráthúil i gcónaí, i gcomhréir le hAirteagal 14(3) den Treoir.

Ina theannta sin, tugadh faoi deara nár cheart go gcuirfeadh struchtúr na leigheasanna dlí atá ar fáil sa Stát forghníomhaitheach agus fad na n-imeachtaí ábhartha feidhmiú éifeachtúil OIE i mbaol trí mhoill iomarcach a chur ar tharchur na fianaise a bailíodh chuig an Stát eisiúna.

Tugadh aghaidh ar ábhar na leigheasanna dlí sa phlé leis na dlíodóirí cosanta. Tharraing dlíodóirí ó roinnt Ballstát an tsaincheist anuas a bhaineann le rochtain theoranta ar ábhar OIE sa Stát forghníomhaitheach agus le faisnéis neamhleor faoi na leigheasanna atá le fáil sa Stát eisiúna. I roinnt Ballstát, níor thug na dlíodóirí cosanta aon sampla d'úsáid leigheasanna dlí i gcomhthéacs OIE. Leagadh béim i roinnt tuascálacha ar a theoranta atá eolas agus taithí dlíodóirí ar chreat dlíthiúil OIE, lena n-áirítear i dtaobh leigheasanna.

### **11.2.** Na breithiúnais *Gavanozov*

Ina theannta sin, tugadh aghaidh ar ábhar na leigheasanna dlí i bhfianaise na mbreithiúnas a thug CBAE in dhá chás ghaolmhara, C-324/17 (*Gavanozov I*) agus C-852/19 (*Gavanozov II*), in 2019 agus 2021, faoi seach.

Sa chéad chinneadh, thug CBAE soiléiriú ar an gcineál faisnéise ba cheart a áireamh i Roinn J den fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn A. Rinne CBAE Airteagal 5(1) den Treoir a léirmhíniú i gcomhar le Roinn J d'Iarscríbhinn A agus bhí sé den tuairim nach gá d'údarás breithiúnach an Bhallstáit eisiúna tuairisc ar na leigheasanna dlí atá le fáil ina Bhallstát in aghaidh eisiúint OIE a áireamh i Roinn J. Ní cheanglaítear ar an údarás eisiúna ach a shonrú 'dá mba rud é gur lorgaíodh leigheas dlí cheana féin i gcoinne OIE a eisiúint' agus má rinneadh amhlaidh, tuairisc a thabhairt ar an leigheas dlí, lena n-áirítear aon bhearta nach mór a dhéanamh agus aon sprioc-amanna a leagtar síos.

In *Gavanozov II*, rialaigh CBAE maidir le reachtaíocht náisiúnta Ballstáit eisiúna nach ndéantar foráil inti maidir le haon leigheas dlí i gcoinne OIE a eisiúint le haghaidh cuardaigh, urghabhálacha nó éisteacht finnétithe trí fhíschomhdháil, go bhfuil an reachtaíocht sin ar neamhréir le hAirteagal 14 den Treoir arna léamh i gcomhar le hAirteagal 24(7) den Treoir agus le hAirteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. I ngeall air sin, in éagmais aon leigheas dlí, bheadh eisiúint OIE maidir leis na bearta imscrúdaitheacha thuasluaite contrártha le hAirteagal 6 den Treoir arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt agus le hAirteagal 4(3) CAE, agus ba cheart don Stát forghníomhaitheach diúltú OIE a aithint/a fhorghníomhú. Ina chinneadh, luaigh CBAE gur cheart go gcuirfeadh an leigheas dlí ar chumas an pháirtí lena mbaineann agóid a dhéanamh, sa Stát eisiúna, i gcoinne an ghá atá le OIE agus i gcoinne dhlíthiúlacht OIE, ar a laghad i bhfianaise na gcúiseanna substainteacha chun an OIE sin a eisiúint.

Díreach tar éis bhreithiúnas *Gavanozov II*, chuir cleachtóirí na mBallstát in iúl gur cúis mhór imní dóibh an mórthionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an gcinneadh ar fheidhmiú OIE, go háirithe dá gcuirfí na prionsabail arna ndearbhú ag CBAE i bhfeidhm maidir le bearta imscrúdaitheacha eile.

Cé go bhfuil an staid fós gan réiteach agus faoi réir tuilleadh forbairtí, is é príomhthoradh na meastóireachta sin ar an ábhar seo nach raibh mórthionchar ag breithiúnas *Gavanozov II* ar chur i bhfeidhm iarbhír OIE go dtí seo.

Níl sé i gceist ag formhór na mBallstát athruithe reachtacha a thabhairt isteach i ngeall ar chinneadh *Gavanozov II*, ós rud é go measann siad go bhfuil a reachtaíocht agus cleachtas náisiúnta i gcomhréir leis na prionsabail arna ndearbhú ag CBAE.

Maidir le OIEnna arna n-eisiúint chun cuardaigh agus urghabhálacha a dhéanamh, déanann na Ballstáit, mar Stát eisiúna, foráil maidir le leigheasanna dlí lenar féidir agóid a dhéanamh in aghaidh na gcúiseanna substainteacha is bonn leis an ordú cuardaigh nó urghabhála. Maidir le bearta imscrúdaitheacha eile, lena n-áirítear éisteacht finné trí fhíschomhdháil, thagair roinnt Ballstát don fhéidearthacht gearán bunreachtúil a thaisceadh i gcásanna ina sáraítear cearta bunúsacha, nó imeachtaí sibhialta in aghaidh an Stáit i leith cúiteamh as damáistí a bhain don duine de dheasca an sáraithe. Mar sin féin, foráiltear le reachtaíocht náisiúnta roinnt Ballstát go bhféadfaidh duine a ndéanann aon ghníomh nó rialú a eisíodh le linn an imscrúdaithe difear dó gearán a chur isteach faoi aon ghníomh nó rialú den sórt sin.

Chuir na foirne meastóireachta amhras in iúl maidir le hinfhaighteacht iarbhír leigheasanna dlí i gcoinne OIEnna a eisiúint le haghaidh bearta neamh-chomhéigheacha i roinnt Ballstát, lena n-áirítear éisteacht finnéithe trí fhíschomhdháil. Mar sin féin, is deacair a thuar conas a chuirfidh ionchúisitheoirí agus cúirteanna sna Ballstáit prionsabail bhreithiúna *Gavanozov II* i bhfeidhm go hiarbhrí agus tá roinnt éiginnteachta fós ann maidir le coincheap agus raon feidhme leighis éifeachtaigh dlí, ar a laghad maidir le héisteacht finnéithe trí fhíschomhdháil agus trí bhearta neamh-chomhéigheacha eile.

Maidir le tionchar bhreithiúna *Gavanozov II*, níor thuairiscigh údaráis inniúla na mBallstát, ina gcáil eisiúna nó forghníomhaithe, aon chásanna inar diúltaíodh OIE a fhorghníomhú ós rud é nach raibh leigheasanna dlí ann i gcoinne OIE a eisiúint sa Stát eisiúna.

Mar údaráis eisiúna, thuairiscigh na Ballstáit roinnt cásanna inar iarr na húdaráis fhorghníomhaitheacha orthu, tar éis bhreithiúna *Gavanozov II*, faisnéis a thabhairt maidir le leigheasanna dlí a bheith ann sa Stát eisiúna. Mar sin féin, níor diúltaíodh OIE a fhorghníomhú i gcás na n-iarrataí sin ar fhaisnéis bhreise.

Mar údaráis fhorghníomhaitheacha, chuir cleachtóirí in iúl, ar bhonn chinneadh *Gavanozov I* agus phrionsabal na muiníne frithpháirtí, nuair a fhaigheann siad OIE chun cuardach nó urghabháil a dhéanamh nó maidir le héisteacht finné trí fhíschomhdháil, nach n-iarrann siad ar an údarás eisiúna faisnéis a thabhairt i dtaca leis na leigheasanna dlí atá ar fáil sa Stát eisiúna. D'áitigh roinnt cleachtóirí go sáródh sé sin coincheap an aitheantais fhrithpháirtigh dá ndéanfadh na húdaráis fhorghníomhaitheacha scrúdú córasach ar na leigheasanna dlí is infheidhme sa Stát eisiúna. Níor cheart don údarás forghníomhaitheach faisnéis bhreise a iarraidh maidir leis na leigheasanna dlí atá ar fáil ach amháin má tá cúis shonrach inní ann i gcás ar leith.

Tar éis chinneadh *Gavanozov II*, níor thug ach Ballstát amháin leigheas dlí isteach go sonrach i gcoinne OIE a eisiúint é féin: i gcás ina gcomhdaíonn an duine lena mbaineann achomharc, ní mór don chúirt inniúil a scrúdú an bhfuil na coinníollacha chun an OIE a eisiúint á gcomhlíonadh. Thuairiscigh an Ballstát a bhfuil baint dhíreach aige le cás *Gavanozov II* gur leasaigh sé a reachtaíocht chun a áirithiú go gcloítear le rialú CBAE. Tá Ballstát eile fós i mbun measúnú a dhéanamh ar leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar a reachtaíocht. Ní mór a thabhairt faoi deara, cé nach ndearnadh aon athruithe reachtacha i roinnt Ballstát tar éis chinneadh *Gavanozov II*, gur leathnaíodh infheidhmeacht na leigheasanna dlíthiúla atá ann cheana go hiarbhír chuig OIEnna arna n-eisiúint chun go gcuimseofaí éisteacht finnéithe trí fhíschomhdháil.

## 12. BEARTA SONRACHA INFHEISTÍOCHTA

### 12.1. Ginearálta

I gCaibidil IV (Airteagail 22–29) den Treoir, tá forálacha sonracha maidir le bearta imscrúdaitheacha áirithe. Tá Caibidil V (Airteagail 30–31) dírithe ar theileachumarsáid a idircheapadh.

Eascraíonn an gá atá le rialáil shonrach a dhéanamh ar chineálacha áirithe beart imscrúdaitheach, *inter alia*, as an gcastacht a bhaineann leo, as an tionchar a bhíonn acu ar chearta bunúsacha na ndaoine a ndéantar difear dóibh, agus as na difríochtaí suntasacha atá ann i ndlíthe náisiúnta na mBallstát.

Ní haon chomhtharlú é, dá bhrí sin, i gcás go leor de na bearta imscrúdaitheacha atá i gceist, go soláthraíonn an Treoir foras breise maidir le neamh-fhorghníomhú, toisc go luaitear inti go bhféadfar forghníomhú OIE a dhiúltú mura n-údarófaí an beart i gcás comhchosúil intíre.

Léiríodh leis an mbabhta sin de mheastóireachtaí go bhféadfadh na rialacha nós imeachta éagsúla maidir le bearta imscrúdaitheacha áirithe a bheith ina bhfachtóir dúshlánach fós i gcomhthéacs an chomhair bhreithiúnaigh. Thug na saineolaithe dá n-aire go leagann roinnt dlíthe intíre teorainneacha an-dian síos do chineálacha áirithe beart imscrúdaitheach. I mBallstát amháin, mar shampla, ní fhéadfar cineálacha áirithe idircheaptha teileachumarsáide a údarú ach amháin más eol cé hé an duine atá faoi amhras.

Chun é a chur ar chumas na n-údarás inniúil eisiúna faisnéis ghinearálta a fháil faoi na rialacha maidir le bearta imscrúdaitheacha sna Ballstáit eile, moladh do na Ballstáit *Fiches Belges* maidir le bearta imscrúdaitheacha a chomhlánú agus a thabhairt cothrom le dáta go cuí ar shuíomh gréasáin EJN.

Cuireadh in iúl roinnt uaireanta freisin go bhfuil sé níos riachtanaí fós go mbeadh faisnéis leordhóthanach in Iarscríbhinn A maidir leis an gcás coiriúil atá faoi imscrúdú, chun go mbeidh na húdaráis fhorghníomhaitheacha in ann a mheas go héasca an n-údarófaí an beart imscrúdaitheach i gcás comhchosúil intíre.

Ina theannta sin, maidir leis na bearta agus na cásanna is casta a bhíonn ann, cuireadh i bhfios go láidir arís go bhfuil teagmháil dhíreach agus comhairliúcháin luatha idir na húdaráis inniúla agus, i gcás inar gá, rannpháirtíocht Eurojust, ríthábhachtach chun OIEnna a fhorghníomhú go rathúil.

Chomh maith le saincheisteanna a eascraíonn as difríochtaí i reachtaíocht náisiúnta na mBallstát, tugadh le fios leis an mbabhta sin meastóireachtaí gur gá aghaidh a thabhairt le reachtaíocht ar leibhéal an Aontais ar chuid de na deacrachtaí a bhíonn ag cleachtóirí maidir le cur i bhfeidhm an OIE i ndáil le bearta imscrúdaitheacha sonracha.

## 12.2 Aistriú sealadach

Léiríodh leis an mbabhta sin meastóireachtaí gur cuireadh an t-aistriú sealadach dá bhforáiltear in Airteagail 22 agus 23 den Treoir i bhfeidhm i líon an-teoranta cásanna.

Ní raibh aon taithí ag údaráis inniúla ó roinnt Ballstát ar an mbeart sin, mar údaráis eisiúna nó mar údaráis fhorghníomhaitheacha. Chuir cleachtóirí in iúl go meastar gur réiteach níos praiticiúla agus níos comhréirí go minic is ea éisteachtaí trí fhíschomhdháil.

Mar sin féin, féadfar OIE le haghaidh aistriú sealadach a eisiúint le haghaidh aon bheart imscrúdaitheach eile lena n-éilítear an duine aonair atá i gceist a bheith i láthair (e.g. paráid aitheantais), agus ní hamháin ar mhaithe le héisteacht an duine atá faoi choimeád sa Stát forghníomhaitheach. Ina theannta sin, leag roinnt cleachtóirí béim ar a thábhachtaí atá an beart sin, ós rud é go mbíonn sé ríthábhachtach uaireanta go dtagann príomhfhiné atá faoi choimeád i Ballstát eile os comhair na cúirte go pearsanta.

Thagadh fadhbanna chun cinn maidir le roghnú na hionstraime ceart ar uairibh. Go ginearálta, déanann údaráis inniúla idirdhealú ceart idir tabhairt suas sealadach bunaithe ar BGE chun críoch ionchúisimh, agus aistriú sealadach faoi OIE chun críoch fianaise a bhailiú.

Mar a shoiléirítear in aithris 25 den Treoir, i gcás ina bhfuil duine atá faoi choimeád i mBallstát amháin le haistriú chuig Ballstát eile chun críoch ionchúisimh, lena n-áirítear an duine sin a thabhairt os comhair cúirte chun críche triail a sheasamh, ba cheart BGE a eisiúint i gcomhréir le Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle. Faoin Treoir, is é an t-aon chuspóir atá leis an aistriú sealadach beart imscrúdaitheach sonracha a dhéanamh lena n-éilítear go mbeidh an duine i láthair (e.g. éisteacht an duine cúisithe nó paráid aitheantais).

Mar sin féin, thuairiscigh cleachtóirí cásanna ina raibh tuairimí éagsúla ag na húdaráis eisiúna agus fhorghníomhaitheacha maidir leis an mbunús dlí ba cheart a chur i bhfeidhm. I gcásanna áirithe, diúltaíodh OIE arna eisiúint chun a áirithiú go raibh an cosantóir i láthair sa triail a fhorghníomhú toisc gur áitigh an t-údarás forghníomhaitheach, agus an ceart aige, gur cheart iarraidh a dhéanamh ar an tabhairt suas sealadach faoi BGE. I bhformhór na gcásanna, tar éis comhairliúcháin cuí, tháinig na húdaráis eisiúna agus na húdaráis fhorghníomhaitheacha ar chomhaontú maidir leis an ionstraim a bheadh le húsáid.

D'fhéadfadh sé nach mbeadh an líne idir an dá ionstraim chomh soiléir sin uaireanta agus d'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach don údarás eisiúna cinneadh a dhéanamh maidir leis an mbunús dlí, agus na ceanglais éagsúla maidir le BGE agus OIE á gcur san áireamh freisin (e.g. is foras í easpa toilithe an duine chúisithe maidir le neamh-fhorghníomhú i gcomhthéacs OIE).

Is fiú cás arna thuairisciú ag Ballstát a lua chun an t-idirghaol idir an dá ionstraim a léiriú. Fuair an Ballstát lena mbaineann iarraidh an-phráinneach faoin Treoir maidir le haistriú sealadach duine a raibh pianbhreith choimeádta á cur isteach aige sa Stát forghníomhaitheach. Rinne an t-údarás inniúil an OIE a fhorghníomhú go pras. Tháinig sé chun solais ina dhiaidh sin go raibh BGE eisithe cheana féin ag an údarás eisiúna céanna chun críoch ionchúisimh i gcoinne an duine chéanna sa chás céanna, agus gur ordaigh údarás inniúil difriúil ón Stát forghníomhaitheach céanna tabhairt suas an duine cheana féin ach gur chuir sé siar é go dtí deireadh na pianbhreithe a bhí á cur isteach ag an duine sa Stát forghníomhaitheach. Sa chás sin, dealraíonn sé gur eisíodh OIE chun an tabhairt suas a ordaíodh (agus a cuireadh siar) i gcomhthéacs imeachtaí BGE a sheachaint.

I bhfianaise na ndeacrachtaí praiticiúla a bhíonn ag cleachtóirí uaireanta, d'fhéadfadh lámhleabhar nó treoirlinnte arna soláthar ag an gCoimisiún lena gcumhdaítear an t-idirghaol idir OIE agus ionstraimí comhair bhreithiúnaigh eile lena n-áirítear BGE a bheith tairbhiúil, mar a mholtar i gCaibidil 4.

Féadfar forghníomhú OIE le haghaidh aistriú sealadach a dhiúltú mura dtoilíonn an duine atá faoi choimeád leis (Airteagal 22(2)(a) den Treoir). Mar údarás eisiúna, níl nósanna imeachta sonracha i bhfeidhm ag na Ballstáit chun a chinneadh, sula ndéanfaidh siad OIE a eisiúint agus a tharchur, an dtoileoidh an duine leis an aistriú sealadach. Measadh gur dea-chleachtas é comhairliúcháin roimh ré a bheith ann leis na húdaráis fhorghníomhaitheacha, lena n-áirítear toiliú an duine lena mbaineann.

I roinnt Ballstát, murab ionann agus an Treoir, is foras éigeantach le haghaidh neamh-fhorghníomhú í easpa toilithe an duine atá faoi choimeád. Mhol na foirne meastóireachta go ndéanfadh na Ballstáit lena mbaineann a reachtaíocht trasuite a ailíniú leis an Treoir. Mar a tugadh faoi deara i dtuarascálacha áirithe, dá gceadófaí don duine atá faoi choimeád bac a chur ar an aistriú, d'fhéadfaí bac a chur ar an gcomhar breithiúnach. Luaigh saineolaithe cás OIE arna eisiúint chun duine atá faoi amhras/cúisithe a aistriú go sealadach chun páirt a ghlacadh i bparáid aitheantais sa Stát eisiúna. Más foras éigeantach le neamh-fhorghníomhú í an easpa toilithe, bheadh sé dodhéanta an beart imscrúdaitheach a chur chun feidhme, rud a chuirfeadh bac ar bhailiú fianaise agus a bhainfeadh an bonn den imscrúdú.

Luaigh formhór na mBallstát nach raibh aon deacracht acu a áirithiú gur coimeádadh duine aistrithe sa Stát eisiúna le linn an aistrithe, ós rud é go meastar gur bunús dlí leordhóthanach é OIE le haghaidh coinneála. I roinnt Ballstát, ní mór don údarás inniúil ordú coinneála náisiúnta, bunaithe ar OIE, a eisiúint.

### **12.3. Éisteacht trí fhíschomhdháil**

Beart imscrúdaitheach is ea éisteacht trí fhíschomhdháil finnétithe, saineolaithe, daoine atá faoi amhras agus daoine cúisithe, mar a rialaítear le hAirteagal 24 den Treoir, a ndéantar iarraidh air agus a fhorghníomhaítear go minic le linn na gcéimeanna imscrúdaithe agus trialach araon.

Mar a cuireadh in iúl i roinnt tuarascálacha, is cur chuige nuálach é éisteachtaí trí fhíschomhdháil in imeachtaí coiriúla, rud a d'athraigh ó bhonn an chaoi a bhfaightear agus a gcuirtear fianaise i láthair, rud a fheabhsaíonn éifeachtúlacht na gcóras breithiúnach agus a chuireann dlús leis an gceartas. Thairis sin, le linn phaindéim COVID-19, thug roinnt Ballstát úsáid físchomhdhála isteach nó leathnaigh siad an úsáid sin i gcásanna intíre chun leanúnachas an cheartais a áirithiú, agus ghlac siad freisin na socruithe teicniúla is gá chun feabhas a chur ar oibriú na gcóras físchomhdhála.

Foráiltear le hAirteagal 24(2) go bhféadfar forghníomhú OIE le haghaidh éisteacht trí fhíschomhdháil a dhiúltú, de bhreis ar na forais le haghaidh neamhaitheantais nó neamh-fhorghníomhaithe dá dtagraítear in Airteagal 11, sna cásanna seo a leanas: (a) nach dtoileoidh an duine atá faoi amhras nó cúisithe; nó (b) go mbeadh sé contrártha do phrionsabail bhunúsacha dhlí an Stáit forghníomhaithe an beart imscrúdaitheach sin a fhorghníomhú.

Thrasuigh roinnt Ballstát easpa toilithe an duine atá faoi amhras nó an duine cúisithe mar fhoras éigeantach le haghaidh neamh-fhorghníomhú. Maidir le forais eile le haghaidh neamh-fhorghníomhú, d'iarr na foirne meastóireachta ar na Ballstáit lena mbaineann a reachtaíocht trasuite a ailíniú leis an Treoir.

Pléann an dá fhochaibidil seo a leanas le dhá thopaic a bhaineann lena chéile ach atá difriúil óna chéile san am céanna. Baineann an chéad cheann le físchomhdhálacha a ndearnadh iarraidh orthu chun éisteacht leis an duine atá faoi amhras/cúisithe ina leith chun fianaise a bhailiú (e.g. an t-ionchúisitheoir nó an chúirt ag ceistiú an duine atá faoi amhras/cúisithe), agus baineann an dara ceann le físchomhdhálacha mar bhealach chun rannpháirtíocht chianda an duine chúisithe ina phríomhthriail ó Bhallstát eile a áirithiú.

**12.3.1.** Éisteacht an duine atá faoi amhras/cúisithe ag céimeanna an imscrúdaithe agus na trialach chun críoch fianaiseach.

I dtromlach na mBallstát, féadfaidh na húdaráis inniúla OIEnna a eisiúint agus a fhorghníomhú le haghaidh éisteacht an duine atá faoi amhras nó an duine chúisithe le linn imscrúduithe agus ag céim na trialach araon. Ní fhéadfaidh roinnt Ballstát, ina mbíonn sé riachtanach go mbeidh an duine cúisithe i láthair dá thriail, OIEnna a eisiúint le haghaidh éisteacht an duine chúisithe le linn chéim na trialach, ach féadfaidh siad na OIEnna sin a fhorghníomhú.

Ní cheadaíonn roinnt Ballstát riamh, áfach, OIEnna a eisiúint agus a fhorghníomhú le haghaidh éisteacht an duine chúisithe ag céim na trialach, gan beann ar a dtoiliú. Tá na Ballstáit lena mbaineann den tuairim go sáródh éisteacht an duine chúisithe trí fhíschomhdháil le linn chéim na trialach prionsabal na neamhláithreachta agus gurbh ionann é agus sárú ar an gceart chun triail chóir a fháil agus ar an gceart chun rochtain (láithreach) a fháil ar dhlíodóir cosanta.

Chuir na foirne meastóireachta in iúl gur féidir prionsabal na láithreachta agus cearta na cosanta a bheith faoi réir teorainneacha i gcás inar gá agus inar comhréireach chun leasanna ábhartha an phobail a shásamh, mar a dheimhnítear le cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine<sup>13</sup>.

Thairis sin, tugadh faoi deara nach gá go mbeadh sárúithe ar chearta cosanta an duine sin mar thoradh ar éisteacht duine chúisithe trí fhíschomhdháil chun críoch fianaiseach, agus gur féidir socruithe éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun cumarsáid dhíreach rúnda a áirithiú idir an cosantóir agus a dhlíodóir cosanta.

Ina theannta sin, faoi Airteagal 24(2)(b) den Treoir, féadfar forghníomhú OIE a dhiúltú más rud é go mbeadh an éisteacht trí fhíschomhdháil *i gcás ar leith* contrártha do phrionsabail bhunúsacha dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh, agus ar an gcaoi sin á chur de cheangal ar an údarás forghníomhaitheach a mheas an léirítear *le himthosca an cháis áirithe* sin go mbeadh sárúithe ar chearta an duine chúisithe ann, nó teorainneacha leo, mar thoradh ar fhorghníomhú OIE, ar cearta iad a bheadh ar neamhréir le prionsabail bhunúsacha dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh.

Chuir na foirne meastóireachta agus roinnt cleachtóirí i dtábhacht freisin go bhféadfadh an éisteacht trí fhíschomhdháil a bheith ina rogha chomhréireach ar bhearta níos ionsáití, ar nós aistriú sealadach agus fiú tabhairt suas bunaithe ar BGE, mar a mholtar in Aithris 26 den Treoir.

I bhfianaise an mhéid thuas, moladh do na Ballstáit lena mbaineann athmhachnamh a dhéanamh ar a reachtaíocht agus/nó ar a gcleachtas ionas go mbeidh siad in ann, ag brath ar imthosca an cháis, OIEnna arna n-eisiúint le haghaidh éisteacht trí fhíschomhdháil an duine chúisithe chun críoch fianaiseach a fhorghníomhú le linn chéim na trialach freisin.

---

<sup>13</sup> Féach *Marcello Viola v Italy*, Uimh. 45106/04, an 5 Deireadh Fómhair 2006; *Sakhnovskiy v Russia*, Uimh. 21272/03, an 2 Samhain 2010; *Boyets v Ukraine*, Uimh. 20963/08, an 30 Eanáir 2018; *Dijkhuizen v the Netherlands*, Uimh. 61591/16, an 9 Meitheamh 2021.

**12.3.2.** Éisteacht trí fhíschomhdháil chun rannpháirtíocht an duine chúisithe sa phríomhchás a áirithiú

Tugadh aghaidh sa bhabhta sin meastóireachtaí freisin ar an gceist an bhféadfar OIE don éisteacht trí fhíschomhdháil a eisiúint chun rannpháirtíocht chianda an duine chúisithe i rith na príomhthrialach ó Bhallstát eile a áirithiú.

Baineann an cheist sin le dhá ghné éagsúla.

Ar an gcéad dul síos, an tsaincheist maidir le cé acu atá nó nach bhfuil rannpháirtíocht chianda an duine chúisithe ina thriail trí fhíschomhdháil comhoiriúnach leis an gceart chun triail chóir a fháil; agus ar an dara dul síos, le raon feidhme na Treorach, ós rud é nach mbíonn baint (i gcónaí) ag rannpháirtíocht an duine chúisithe sa phríomhthriail le bailiú fianaise.

Déanann roinnt Ballstát na OIEnna sin a eisiúint agus a fhorghníomhú, go háirithe i gcás ina dtoilíonn an duine cúisithe. Tá a gcur chuige bunaithe ar roinnt breithnithe, agus is féidir achoimre a dhéanamh ar chuid acu mar seo a leanas:

Is cosúil go bhfuil an cleachtas sin comhsheasmhach le meon na Treorach, dar leis na Ballstáit sin. Ceanglaítear go háirithe le hAithris 26 ar údaráis eisiúna a mheas an bhféadfadh OIE le haghaidh éisteacht trí fhíschomhdháil an duine atá faoi amhras/an duine cúisithe a bheith ina rogha mhalartach éifeachtach ar BGE. Go deimhin, chuir cleachtóirí i dtábhacht gur bealach éifeachtach é forghníomhú OIEnna a eisítear chun rannpháirtíocht chianda an duine chúisithe sa phríomhthriail ó Bhallstát eile a áirithiú chun úsáid dhíréireach BGEEnna a sheachaint. Mar a d'áitigh roinnt cleachtóirí, ba cheart BGE a eisiúint chun rannpháirtíocht an duine chúisithe sa triail a áirithiú mar 'rogha dheireanach'.

Thairis sin, má thoilíonn an duine cúisithe, is rogha i bhfad níos fearr a bheadh ann é a bheith rannpháirteach sa phríomhthriail trí fhíschomhdháil ó Bhallstát eile ná triail *in absentia* a bheith ann. Sna cásanna sin, is féidir a mheas gur uirlis í an fhíschomhdháil lena n-éascaítear feidhmiú chearta cosanta an duine chúisithe.

Tugadh faoi deara go bhforáiltear le reachtaíocht náisiúnta roinnt Ballstát do rannpháirtíocht chianda an duine chúisithe ina thriail i gcásanna intíre, ach faoi réir coinníollacha sonracha arb é is aidhm dóibh cearta na cosanta a chosaint. Chuir cleachtóirí ó Bhallstát amháin in iúl go bhfuil sé de cheart ag an duine cúisithe go ndéanfaí é a cheistiú agus ráitis a dhéanamh tráth ar bith le linn na príomhthrialach faoina ndlí náisiúnta (e.g. barúil a thabhairt ar an bhfianaise a thugann na finnétithe). Dá bhrí sin, tá cuspóirí fianaiseacha freisin ag OIE a eisítear chun rannpháirtíocht an duine chúisithe san fhíschomhdháil a áirithiú.

Le linn na meastóireachtaí, rinneadh tagairt freisin do chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a luadh san fhochaibidil roimhe seo, ar dá bhun nach dtagann rannpháirtíocht cosantóra in imeachtaí coiriúla trí fhíschomhdháil salach ar an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, ar choinníoll go bhfuil sé d'aidhm dhlísteach leas a bhaint as an mbeart sin agus go bhfuil na socrúithe lena rialaítear a iompar comhoiriúnach leis na ceanglais maidir le hurraim do phróis chúí, lena n-áirítear an ceart chun triail chóir a fháil agus feidhmiú éifeachtach na gceart cosanta.

Is minic a d'aontaigh na foirne meastóireachta leis na breithnithe sin.

Is fiú a lua gur thug CBAE aghaidh, an 4 Iúil 2024, ar shaincheist rannpháirtíocht an duine chúisithe sa phríomhthriail trí fhíschomhdháil i ndáil le tarchur le haghaidh réamhrialú a bhaineann le léirmhíniú Airteagal 8(1) de Threoir (AE) 2016/343<sup>14</sup>. Ina breithiúnas, chinn CBAE nach mór Airteagal 8(1) den Treoir thuasluaite a léirmhíniú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar dhuine cúisithe a bheith in ann, arna iarraidh sin go sainráite dó, páirt a ghlacadh sna héisteachtaí ina thriail trí fhíschomhdháil, ar choinníoll go ráthaítear an ceart chun triail chóir a fháil<sup>15</sup>. Cé nach dtugann an cinneadh aon fhreagra ar an gceist i dtaobh an bhféadfar OIE a eisiúint chun rannpháirtíocht chianda an duine chúisithe a áirithiú, léirítear leis nach dtagann rannpháirtíocht an duine chúisithe ina thriail trí fhíschomhdháil salach ar an gceart chun triail chóir a fháil faoi dhlí an Aontais.

---

<sup>14</sup> Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thóimhde na neamhchiontacht agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla.

<sup>15</sup> CBAE, Breithiúnas an 4 Iúil 2024, i gCás C-760/22 FP agus eile.

Tá roinnt Ballstát den tuairim - agus áitíonn siad go daingean é - áfach, nach bhféadfar OIE a eisiúint ná a fhorghníomhú riamh le haghaidh éisteacht trí fhíschomhdháil duine chúisithe chun a áirithiú go mbeidh sé rannpháirteach sa phríomhthriail ó Bhallstát eile, fiú má thoilíonn an duine cúisithe leis sin.

Tá siad den tuairim go mbeadh forghníomhú na OIEnna sin contrártha go ginearálta do phrionsabail bhunúsacha a gcórais dlí agus go sáródh sé cearta cosanta an duine chúisithe.

Ina theannta sin, áitíonn siad nach dtagann éisteacht trí fhíschomhdháil duine chúisithe le linn na príomhthrialach faoi raon feidhme na Treorach. De réir Airteagal 1 den Treoir, féadfar OIE a eisiúint chun beart imscrúdaitheach amháin nó roinnt beart imscrúdaitheach a chur i gcrích sa Stát forghníomhaitheach chun fianaise a fháil, agus ní bhaineann rannpháirtíocht an duine chúisithe sa phríomhthriail le bailiú fianaise (i gcónaí). Maidir le haithris 26, tugadh faoi deara freisin go meastar san aithris sin go bhféadfadh OIE a bheith ina rogha mhalartach ar BGE i gcásanna ina n-eisítear OIE le haghaidh éisteacht an duine atá faoi amhras/an duine chúisithe chun críoch fianaiseach.

Le linn an bhabhta sin meastóireachtaí, rinne saineolaithe agus cleachtóirí araon forbairtí ar an tsaincheist sin a bhreathnú go dlúth i ndáil leis an tarchur le haghaidh réamhrialú atá ar feitheamh os comhair CBAE (Cásanna Uamtha C-255/23 agus C-285/23). Ceann de na ceistanna a cuireadh faoi bhráid CBAE ba ea ar cheart Airteagal 24(1) den Treoir a léirmhíniú sa chaoi go n-áirítear le héisteacht trí fhíschomhdháil duine chúisithe cásanna ina raibh an duine cúisithe rannpháirteach sa triail trí fhíschomhdháil i mBallstát seachas a Bhallstát cónaithe.

An 6 Meitheamh 2024, áfach, chinn CBAE nach raibh aon ghá cinneadh a dhéanamh maidir le hiarrataí ar réamhrialú, ós rud é nár chuir an chúirt a rinne an tarchur na himeachtaí náisiúnta ar fionraí agus í ag fanacht le cinneadh CBAE<sup>16</sup>.

Tá iarraidh eile ar réamhrialú maidir leis an tsaincheist chéanna ar feitheamh anois os comhair CBAE, rud a d'fhéadfadh treoir éigin a chur ar fáil go luath amach anseo<sup>17</sup>.

---

<sup>16</sup> CBAE, Breithiúnas an 6 Meitheamh 2024 i gCásanna Uamtha C-255/23 agus C-285/23, *AVVA and Others*, , mír 38.

<sup>17</sup> Cás C-325/24 Bissilli, arna thaisceadh an 2 Bealtaine 2024.

I bhfianaise na dtuairimí éagsúla i measc na mBallstát agus ós rud é, i dtuairim go leor cleachtóirí, gur féidir le rannpháirtíocht chianda duine chúisithe sa phríomhthriail ó Bhallstát eile a bheith ina huirlis luachmhar chun an comhar breithiúnach a fheabhsú agus ina modh éifeachtach chun úsáid chomhréireach ionstraimí dlí eile atá níos ionsáití a áirithiú, d'iarr na foirne meastóireachta ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an gceist sin tríd an reachtaíocht. Mhol roinnt foirne meastóireachta an Treoir a leasú agus raon feidhme Airteagal 24 a leathnú, agus d'iarr foirne meastóireachta eile ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an gceist níos ginearálta, agus ionstraimí eile á gcur san áireamh freisin, ós rud é nach mbaineann rannpháirtíocht chianda an duine chúisithe i dtriail ó Bhallstát eile le bailiú fianaise (i gcónaí).

### **12.3.3. Éisteacht trí fhíschomhdháil gan OIE a eisiúint**

Le linn na gcuartheanna ar an láthair sa bhabhta sin meastóireachtaí, bhí plé rialta ann a bhí beo bríomhar ar uairibh maidir leis an gcleachtas a bhí ann i roinnt Ballstát, ina n-eagraíonn na húdaráis inniúla, sna cásanna ina dtoilíonn an duine lena mbaineann, éisteachtaí trí fhíschomhdháil trí dhul i dteagmháil dhíreach leis an bhfinné, an duine atá faoi amhras nó an duine cúisithe atá lonnaithe i mBallstát eile, go mbeidh an duine a bhíonn i gceist a bheith rannpháirteach sna himeachtaí agus fianaise a thabhairt, gan OIE a eisiúint ('físchomhdháil dhíreach'). Foráiltear le dlíthe i roinnt Ballstát don fhéidearthacht a bhíonn ann éisteachtaí trasteorann trí fhíschomhdháil a chur ar bun gan OIE a eisiúint. Chuir Ballstát amháin in iúl go mb'fhéidir nach mbeadh an t-údarás breithiúnach a údaraíonn an fhíschomhdháil i gcásanna intíre ar an eolas uaireanta go bhfuil an duine lena mbaineann ag dul isteach san fhíschomhdháil ó Bhallstát eile ina bhfuil siad lonnaithe (go sealadach). Chuir Ballstát eile i dtábhacht go bhfuil an cleachtas maidir le héisteacht trasteorann a dhéanamh gan OIE a eisiúint bunaithe ar thoiliú agus ar chomhar deonach an duine lena mbaineann agus go bhfuil sé cosúil le cásanna ina ndéanann finné/duine atá faoi amhras atá lonnaithe i mBallstát eile doiciméid a sheoladh go deonach trí ríomhphost chuig na húdaráis imscrúdaitheacha.

Mheas roinnt foirne meastóireachta nach raibh an cleachtas sin i gcomhréir leis an Treoir, cé gur aithin siad na buntáistí praiticiúla a bhaineann leis an gcur chuige sin.

Thug roinnt Ballstát faoi deara go dtagann an cleachtas sin salach ar phrionsabal cheannasacht an Bhallstáit a bhfuil an duine a n-éistfeair leis lonnaithe ann.

Chomh maith leis sin, maidir le saincheist na n-éisteachtaí trasteorann gan OIE, bhí na saineolaithe agus na cleachtóirí ag fanacht le soiléiriú ó CBAE. Bhain ceann de na ceisteanna a tarchuireadh chuig CBAE i gCásanna Uamtha C-255/23 agus C-285/23 le cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh an chúirt a láimhseálann an cás éisteacht trí fhíschomhdháil a eagrú gan OIE a eisiúint, ach díreach tríd an nasc a sheoladh chuig an duine lena mbaineann chun páirt a ghlacadh san fhíschomhdháil óna mBallstát cónaithe. Mar a luadh thuas, chinn CBAE nár ghá rialú a thabhairt ar na hiarrataí sin.

I bhfianaise an mhéid thuas agus in éagmais soiléiriú ó CBAE, mhol na foirne meastóireachta go ndéanfadh na Ballstáit lena mbaineann athmhachnamh ar an gcleachtas atá ann éisteacht trí fhíschomhdháil a thabhairt do dhaoine atá lonnaithe i mBallstát eile gan OIE a eisiúint.

#### **12.3.4. Dúshlán phraiticiúla**

Le linn na meastóireachtaí, tugadh aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le heagrú éisteachtaí trí fhíschomhdháil agus sainaithearnódh roinnt dea-chleachtas.

Tuairiscíodh roinnt cásanna ina raibh sé thar a bheith deacair cloí leis an dáta a mhol na húdaráis eisiúna don éisteacht, ós rud é go raibh an dáta a bhí beartaithe róghar don dáta a fuarthas an OIE. Moladh, dá bhrí sin, gur cheart OIEnna le haghaidh na héisteachta trí fhíschomhdháil a sheoladh i bhfad roimh ré, gur cheart tráthchlár don éisteacht a chur in iúl leo agus gur cheart foráil a dhéanamh leo maidir le dátaí eile. Thabharfadh sé sin dóthain ama don údarás forghníomhaitheach an duine a aimsiú agus a thoghairm chun éisteachta agus seomra cúirte atá feistithe go leordhóthanach a chur in áirithe, agus sceideal oibre an údaráis forghníomhaithigh á chur san áireamh. Moladh freisin, i gcás inar féidir, gur cheart an fad a mheastar a mhairfidh an éisteacht a chur in iúl.

Thuairiscigh cleachtóirí freisin cásanna inar thángthas ar dheacrachtaí teicniúla maidir le físchomhdháil a fhorghníomhú mar gheall ar neamh-chomhoiriúnacht na gcóras nó na bhfeistí físchomhdhála éagsúla a d'úsáid na húdaráis eisiúna agus fhorghníomhaitheacha. Mhol roinnt Ballstát go mbeadh sé an-tairbheach réiteach teicniúil uile-Aontais a bheith ann chun físchomhdhálacha a réachtáil, chun fadhbanna teicniúla mar sin a shárú. Dá bhrí sin, iarradh ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí córas slán idir-inoibritheach a chur ar fáil le haghaidh físchomhdhála trasteorann a d'fhéadfadh na Ballstáit uile a úsáid.

Measadh gur dea-chleachtas a bheadh ann faisnéis theicniúil agus sonraí teagmhála teicneora a áireamh i Roinn H2 d'Iarscríbhinn A chun nasc a bhunú idir údaráis eisiúna agus údaráis fhorghníomhaitheacha. Moladh freisin gur cheart bosca sonrach le haghaidh na sonraí teagmhála teicniúla is gá a áireamh in Iarscríbhinn A chun feidhmiú rianúil físchomhdhála a áirithiú.

Moladh Ballstát amháin as córas áirithinte uathoibríthe le haghaidh físchomhdhálacha a chur chun feidhme sa bhreithiúnacht, lena n-áirithítear freisin go gcuirtear sonraí teagmhála agus teicniúla isteach roimh ré agus go bhfuil siad ceart.

Sainaitníodh tuilleadh dea-chleachtais i bhfoirm chaighdeánach a d'fhorbair údaráis fhorghníomhaitheacha Ballstáit amháin agus cuireadh chuig na húdaráis eisiúna é chun an fhaisnéis theicniúil uile is gá a bhailiú chun seoladh na físchomhdhála a éascú agus chun fadhbanna teicniúla a sheachaint a mhéid is féidir.

Bunaithe ar thorthaí an bhabhta sin meastóireachtaí, is féidir a rá gur chuir na Ballstáit trealamh sábháilte agus leordhóthanach ar fáil do na húdaráis inniúla go ginearálta chun éisteachtaí a chur ar bun agus a sheoladh go héifeachtúil trí fhíschomhdháil. Moladh do roinnt Ballstát inar sainaitníodh easnaimh céimeanna breise a ghlacadh chun a áirithiú go gcuirfí saoráidí agus trealamh cuí le físchomhdhálacha a chur ar bun ar fáil do na húdaráis inniúla.

#### **12.4. Éisteacht trí theileachomhdháil**

Is fíor-annamh a eisítear OIEnna chun éisteacht le duine mar fhinné nó mar shaineolaí trí theileachomhdháil de bhun Airteagal 25 den Treoir.

Níor dhéileáil formhór na mBallstát leis an mbeart imscrúdaitheach sin go fóill, mar Stát eisiúna nó mar Stát forghníomhaitheach. Mar a cuireadh in iúl le linn na meastóireachtaí, ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar úsáid éisteachtaí trí fhíschomhdháil, tá éisteachtaí trí theileachomhdháil beagán as dáta anois, cé go bhféadfaidís a bheith úsáideach (mar shampla, mar rogha mhalartach nuair a bhíonn fadhbanna teicniúla ann agus físchomhdháil á heagrú).

Sa líon beag cásanna inar cuireadh an beart imscrúdaitheach sin i bhfeidhm, ní raibh aon deacrachtaí ag na Ballstáit maidir le nósanna imeachta agus foirmiúlachtaí na n-éisteachtaí trí theileachomhdháil.

Féadfaidh roinnt Ballstát OIE arna eisiúint chun críche éisteachta a fhorghníomhú trí theileachomhdháil, ach ní fhéadfaidh siad an OIE sin a eisiúint, ós rud é nach féidir teileachomhdháil a úsáid mar bheart imscrúdaitheach faoina reachtaíocht intíre. Níor thrasuigh roinnt Ballstát Airteagal 25 den Treoir, agus ní dhéantar foráil ina reachtaíocht maidir leis an mbeart imscrúdaitheach sin. Dá bhrí sin, má fhaigheann siad iarraidh chun éisteacht a chur ar bun trí theileachomhdháil, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an údarás eisiúna, molann siad fiscomhdháil a chur ina hionad.

#### **12.5. Faisnéis faoi chuntais bhainc agus cuntais airgeadais eile agus faoi oibríochtaí baincéireachta agus airgeadais eile**

Cé go rialaítear le hAirteagail 26 agus 27 den Treoir OIEnna arna n-eisiúint chun faisnéis atá ann cheana a fháil maidir le cuntais bhainc agus cuntais airgeadais eile agus maidir le hoibríochtaí baincéireachta agus oibríochtaí airgeadais eile, baineann Airteagal 28(1)(a) faoi seach le faisnéis fíor-ama a fháil maidir le hoibríochtaí a bheidh le déanamh amach anseo (faireachán ar oibríochtaí baincéireachta agus oibríochtaí airgeadais eile).

Ní nach ionadh, léirigh an babhta sin meastóireachtaí go bhfuil OIEnna a eisítear chun faisnéis bhaincéireachta a fháil an-choitianta sa chleachtas. Is eol go maith go mbraitheann níos mó agus níos mó imscrúduithe – idir shimplí, chasta agus íogair – go mór ar bhailiú faisnéise baincéireachta.

Tá difríocht shuntasach idir creataí dlíthiúla náisiúnta le haghaidh na mbeart imscrúdaithe sin sna Ballstáit. I roinnt Ballstát, bíonn gá le hordú cúirte chun faisnéis a fháil maidir le hoibríochtaí baincéireachta, ach i mBallstáit eile, is leor ordú ionchúisitheora nó fiú iarraidh ó na póilíní. I bhformhór na mBallstát, níl aon teorainneacha nasctha le stádas nós imeachta an duine (e.g. duine atá faoi amhras, finné, íospartach) a ndéantar iarraidh ar a fhaisnéis airgeadais, agus is é an t-aon choinníoll atá ann nach mór don fhaisnéis a iarrtar a bheith ábhartha don imscrúdú. I roinnt Ballstát, ní féidir faisnéis bhaincéireachta a sholáthar ach amháin le haghaidh liosta de chionta coiriúla áirithe nó le haghaidh cionta atá inphionóis le tairseach áirithe. Chuir roinnt cleachtóirí i bhfios go láidir go mbeadh srianta tromchúiseacha ar úsáid na mbeart imscrúdaitheach sin ina mbac suntasach ar imscrúduithe éifeachtacha ar choireanna tromchúiseacha trasteorann.

Tá clárlann láraithe cuntas bainc ag beagnach gach Ballstát ina liostaítear na cuntais bhainc uile atá i seilbh daoine nádúrtha agus dlítheanacha sa tír. Is minic a bhíonn rochtain dhíreach ag údaráis forfheidhmithe dlí ar na clárlanna sin. Éascaíonn agus luasaíonn clárlanna láraithe go mór forghníomhú OIEnna. Dá bhrí sin, mhol na foirne meastóireachta do na Ballstáit nach bhfuil clárlann lárnach bunaithe acu go fóill clárlann láraithe a chruthú, agus na hoibleagáidí a eascraíonn as Treoir (AE) 2015/849<sup>18</sup> á gcur san áireamh freisin, agus sonraí maidir le cuntais a choimeádtar i ngach banc a áireamh ina gclárlann.

I gcomhthéacs bearta imscrúdaitheacha chun faisnéis bhaincéireachta a bhailiú, pléadh cleachtas OIEnna ina bhfuil iarrataí ‘cascáideacha’. Is minic a dhéanann an t-údarás eisiúna iarraidh ar dheimhniú, féachaint an bhfuil cuntas bainc ag an duine atá faoi amhras agus, má tá, go soláthrófar an fhaisnéis sin maidir le hoibríochtaí baincéireachta an duine atá faoi amhras; bunaithe ar an toradh, déantar iarraidh ar fhaisnéis maidir le hoibríochtaí breise, chun an t-airgead a leanúint. Cé nár thuairiscigh na Ballstáit aon deacrachtaí maidir leis na OIEnna sin a fhorghníomhú den chuid is mó, chuir roinnt cleachtóirí amhras in iúl faoin gcleachtas sin, agus thug siad dá n-aire go bhféadfadh na OIEnna sin a bheith ‘iomarcach’ uaireanta agus go mbeadh ar an údarás forghníomhaitheach bearta imscrúdaitheacha a dhéanamh, ní hamháin, ach anailís a dhéanamh ar an bhfianaise a bailíodh freisin chun dul ar aghaidh leis na céimeanna imscrúdaitheacha breise a ndearnadh iarraidh orthu. I gcásanna áirithe, bhí na comhairlíúcháin leis an údarás eisiúna le linn fhorghníomhú an OIE úsáideach.

Le linn na meastóireachtaí, rinne cleachtóirí roinnt moltaí maidir le feabhas a chur ar fhorghníomhú OIEnna a eisítear chun faisnéis bhaincéireachta a bhailiú.

---

<sup>18</sup> Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún

I roinnt Ballstát, déantar faisnéis faoi chuntais bhainc agus faoi idirbhearta airgeadais a bhailiú agus a tharchur chuig an údarás eisiúna i bhformáid leictreonach de ghnáth. Chun tarchur tapa na faisnéise baincéireachta a áirithiú, moladh do na Ballstáit uile machnamh a dhéanamh ar é a chur ar a gcumas do bhainc agus d'institiúidí airgeadais eile, chomh maith le húdaráis fhorghníomhaitheacha, faisnéis bhaincéireachta a phróiseáil i bhformáid leictreonach. Leis an gcleachtas sin, is féidir le comhlachtaí imscrúdaitheacha an Stáit eisiúna na méideanna sonraí sin, a bhíonn ollmhór ar uairibh, a phróiseáil agus a anailisiú ar bhealach níos áisiúla. Sa chomhthéacs sin, moladh go mbeadh sé úsáideach roinn shonrach a bheith ann in Iarscríbhinn A maidir leis an bhfaisnéis theicniúil is gá chun sonraí baincéireachta a fháil i bhformáid leictreonach.

I gcomhréir le hAirteagal 19(4) den Treoir, is iondúil go n-ordaíonn na húdaráis fhorghníomhaitheacha do bhainc agus d'institiúidí airgeadais eile gan aon fhaisnéis maidir leis an iarraidh ar shonraí baincéireachta nó imscrúduithe coiriúla leanúnacha a nochtadh dá gcustaiméirí, nó go mbíonn oibleagáid orthu de réir an dlí gan é sin a dhéanamh. I roinnt Ballstát, d'fhéadfadh sé a bheith ina chion coiriúil iarrata a nochtadh do chliaint gan aon údarú. Le linn na meastóireachta, níor tuairiscíodh ach líon beag cásanna inar nochtadh an fhaisnéis do chustaiméirí bainc i gcomhthéacs fhorghníomhú OIEnna.

Le dlí roinnt Ballstát, ní cheadaítear d'údaráis imscrúdaitheacha agus bhreithiúnacha faireachán fíor-ama ar chuntais bhainc a ordú nó iarraidh a dhéanamh orthu, i gcásanna intíre nó le linn OIE a fhorghníomhú. Dúirt cleachtóirí go gcuirfidís fáilte roimh an mbeart sin a thabhairt isteach, ós rud é go bhféadfadh sé a bheith ina uirlis imscrúdaitheach an-úsáideach. Moladh do na Ballstáit lena mbaineann machnamh a dhéanamh ar a reachtaíocht a leasú chun foráil a dhéanamh go sainráite maidir le faireachán fíor-ama ar chuntais bhainc.

#### **12.6. Idircheapadh teileachumarsáide**

Foráiltear le dlíthe náisiúnta fhormhór na mBallstát go bhféadfar idircheapadh teileachumarsáide a údarú (i) chun cionta coiriúla tromchúiseacha a imscrúdú (arna saináithint i gcatálogo cionta nó trí thagairt don tairseach phionóis); (ii) má tá forais ann lena cheapadh go ndearnadh cion coiriúil tromchúiseach nó go bhfuil cion coiriúil tromchúiseach á dhéanamh; (iii) má tá an t-idircheapadh fíorthábhachtach nó riachtanach chun fianaise a fháil a bheadh dodhéanta nó an-deacair a bhailiú murach sin.

Mar sin féin, cé go bhfuil na prionsabail ghinearálta sin i gcoiteann ag na Ballstáit, tá difríocht shuntasach idir na creataí dlíthiúla náisiúnta. I roinnt Ballstát, ní fhéadfar cineálacha áirithe idircheaptha teileachumarsáide a údarú ach amháin i gcás líon an-teoranta cionta coiriúla (e.g. sceimhlitheoireacht nó coireanna in aghaidh shlándaíl an Stáit). Bíonn rialacha an-dian i bhfeidhm ag roinnt Ballstát má bhaineann an t-idircheapadh le daoine nach bhfuil amhras fúthu go ndearna siad cion coiriúil ach ar daoine ar díol spéise iad san imscrúdú ar shlí eile. I roinnt Ballstát, tá toirmeasc ar úsáid earraí spiaireachta.

Le linn na meastóireachtaí, thuiriscigh na Ballstáit, ina gcáil mar údarás eisiúna agus fhorghníomhaitheacha araon, cásanna inar diúltaíodh OIE a fhorghníomhú chun teileachumarsáid a idircheapadh ar an bhforas nach n-údarófaí an beart i gcás intíre comhchosúil.

I dtuarascálacha áirithe, thug na foirne meastóireachta dá n-aire go bhfuil impleachtaí ag rialacha intíre an-dian maidir le hidircheapadh teileachumarsáide a údarú don chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus go bhféadfaidís bac a chur ar an gcomhrac ar chineálacha tromchúiseacha coireachta trasnáisiúnta.

#### **12.6.1. Brí agus raon feidhme ‘idircheapadh teileachumarsáide’**

Dearbhaíodh leis an mbabhta seo de mheastóireachtaí gurb é an phríomhfhadhb a bhaineann le cur i bhfeidhm an bhirt imscrúdaithe sin an coincheap ‘idircheapadh teileachumarsáide’.

Ní shainmhínítear sa Treoir an téarma ‘idircheapadh teileachumarsáide’, in Airteagail 30-31 (idircheapadh teileachumarsáide), in Airteagal 2 (sainmhínithe) ná ina haithrisí. Ní shainmhínítear é ach an oiread in aon phíosá eile reachtaíochta Eorpaí. Dá thoradh sin, níl aon tuiscint aonfhoirmeach laistigh den Aontas Eorpach, agus tá tuairimí éagsúla ag cleachtóirí i dtaobh cé acu a thagann nó nach dtagann bearta imscrúdaitheacha áirithe, mar shampla rianú GPS, bugáil cairr, earraí spiaireachta a shuiteáil ar fheiste chun comhráite a idircheapadh ag an bhfoinse, nó faireachas fuaime/fiseáin faoi Airteagail 30 agus 31 den Treoir.

Tá léirmhíniú docht glactha ag roinnt Ballstát, agus leis sin ní chumhdaítear le hidircheapadh teileachumarsáide ach an faireachán agus an taifeadadh cumarsáide a tharlaíonn thar chineál éigin córas teileachumarsáide amháin, mar shampla cúléisteacht, agus ar an gcaoi sin ní áirítear idircheapadh cumarsáide idir daoine atá i láthair san áit chéanna a dhéantar trí úsáid a bhaint as feiste theicneolaíoch (e.g. feiste ar suiteáladh earraí spiaireachta uirthi) nó micreafón ceilte (gléas bugála). Faoin léirmhíniú docht sin, tagann na bearta seo faoi raon feidhme Airteagal 28 den Treoir, lena rialaítear bearta imscrúdaitheacha lena dtugtar bailiú fianaise i bhfíor-am le tuiscint. Áitíonn na Ballstáit a ghlacann an léirmhíniú cúng sin go dtagraíonn Airteagail 30 agus 31 don ‘teileachumarsáid’, agus dá bhrí sin ní chumhdaítear leo ‘cumarsáid’ eile a tharlaíonn gan teicneolaíocht teileachumarsáide de chineál éigin a úsáid.

Tá coincheap níos leithne glactha ag Ballstáit eile agus measann siad go bhfuil feidhm ag Airteagail 30 agus 31 freisin maidir le bearta eile mar shampla idircheapadh cumarsáide a tharlaíonn idir daoine atá i láthair san áit chéanna, ar nós carranna a bhuigáil, faireachas trí earraí spiaireachta atá suiteáilte ar fheiste agus faireachas fuaimne/físeáin in áiteanna príobháideacha. Áiríonn roinnt Ballstát rianú GPS sa choincheap ‘idircheapadh teileachumarsáide’.

Sa bhreithiúnas ó CBAE i gCás C-670/22, *M.N. (EncroChat)* a thug sé an 30 Aibreán 2024, thug sé roinnt soiléirithe, le rialú uaidh gurb ionann, de réir bhrí Airteagal 31(1) den Treoir, insíothlú feistí teirminéil chun sonraí tráchta, suímh agus cumarsáide a bhailiú ó sheirbhís cumarsáide atá bunaithe ar an idirlíon agus ‘idircheapadh teileachumarsáide’.

Mar sin féin, ní léir fós an bhfuil feidhm ag an méid sin maidir le cineálacha eile beart imscrúdaitheach mar shampla buigáil feithiclí nó rianú GPS.

#### **12.6.2.** An sásra maidir le fógra a thabhairt faoi Airteagal 31

Cuireadh i dtábhacht sna tuarascálacha uile gurb é an buntáiste is mó a bhaineann le hAirteagal 31 go bhféadfaí fógra ‘idir lámha’ nó ‘*ex-post*’ a thabhairt i bhfoirm shimplithe (Iarscríbhinn C). Tá an sásra maidir le fógra a thabhairt rithábhachtach chun ligean do na Ballstáit leanúint de bhearta faireachais, mar shampla cúléisteacht teileafóin, rianú GPS nó buigáil feithicle, ar chríoch Bhallstáit eile nach bhfuil cúnaimh teicniúil ag teastáil uaidh agus i gcás ina bhféadfadh sprioc an bhirt aistriú nó inar aistriugh sí (gan choinne uaireanta).

Na Ballstáit a ghlacann léirmhíniú sriantach ar ‘idircheapadh teileachumarsáide’, ní ghlacann siad le fógraí faoi Airteagal 31 maidir le bearta nach dtagann faoina léirmhíniú ar an téarma. Dá bhrí sin, má thagann feithicil a bhfuil bugáil á déanamh uirthi nó feithicil inar suiteáladh feiste GPS isteach ina gcóich, ní mór OIE (Iarscríbhinn A) a eisiúint dóibh, faoi Airteagal 28 de ghnáth, sula dtrasnaítear an teorainn, ós rud é nach meastar gur idircheapadh teileachumarsáide iad bugáil cairr nó rianú GPS. Mar sin féin, níl sásra maidir le fógra a thabhairt ag gabháil le hAirteagal 28 den Treoir atá cosúil leis an sásra dá bhforáiltear in Airteagal 31 den Treoir.

Chuir na foirne meastóireachta i dtábhacht gur cosúil gur níos riachtanaí fós sásra maidir le fógra *ex-post* a thabhairt nuair a chuirtear san áireamh gurb amhlaidh i mórán cásanna, nach dtagann eolas ar thrasnú teorann ag spríoc idircheaptha chun solais ach amháin le linn an idircheaptha agus go minic tar éis don idircheapadh tarlú. Sna cásanna sin, níl eisiúint OIE (Iarscríbhinn A) indéanta, agus tá géarghá le fógra ‘atá idir lámha’ nó ‘*ex-post*’ a úsáid chun inghlacthacht an ábhair idircheaptha mar fhianaise a chosaint.

Le linn na meastóireachtaí, rinne na cleachtóirí moltaí éagsúla maidir le leasuithe a d’fhéadfaí a dhéanamh ar an Treoir. Moladh gur cheart raon feidhme Airteagail 30 agus 31 a leathnú tríd an téarma ‘cumarsáid’ a chur in ionad an téarma ‘teileachumarsáid’, agus mar sin bheadh sé soiléir go bhfuil sé beartaithe gach cineál cumarsáide a chumhdach; i gcásanna eile, moladh gur cheart forálacha sonracha a thabhairt isteach chun bugáil carranna agus rianú GPS a rialáil nó gur cheart sásra maidir le fógra a thabhairt atá cosúil leis an sásra dá bhforáiltear in Airteagal 31 a thabhairt isteach le haghaidh na mbeart faireachais a thagann faoi Airteagal 28.

Chomhaontaigh na foirne meastóireachta uile gur cheart don Choimisiún an tionscnamh reachtach is gá a ghlacadh chun an coincheap ‘idircheapadh teileachumarsáide’ a shoiléiriú. Thairis sin, i gcás na mbeart thuasluaite uile, i gcás nach bhfuil gá le cúnaimh teicniúil ón mBallstát ina bhfuil ábhar an bhirt lonnaithe, ba cheart sásra maidir le fógra a thabhairt atá cosúil leis an sásra a bheartaítear in Airteagal 31 den Treoir a chur ar fáil.

**12.6.3.** Tarchur idircheapthaí

Foráiltear le hAirteagal 30(6) den Treoir go bhféadfar OIE chun teileachumarsáid a idircheapadh a dhéanamh trí (a) teileachumarsáid a tharchur láithreach chuig an Stát eisiúna; nó (b) toradh an idircheaptha teileachumarsáide a idircheapadh agus a thaifeadh, agus é a tharchur chuig an Stát eisiúna ina dhiaidh sin.

Cé gur thuairiscigh roinnt Ballstát go bhfuil na modhanna teicniúla acu chun teileachumarsáid idircheaptha a tharchur láithreach chuig an Stát eisiúna, dealraíonn sé, i bhformhór na gcásanna, go mbailíonn an Stát forghníomhaitheach an t-ábhar idircheaptha agus go seolann sé chuig an Stát eisiúna é ina dhiaidh sin. Thuairiscigh cleachtóirí, áfach, gur thángthas ar réitigh ar bhonn *ad hoc*, agus riachtanais an údarais eisiúna á gcur san áireamh. I gcásanna áirithe, cuireadh an t-ábhar idircheaptha ar aghaidh chuig an údarás eisiúna agus moill bheag air (e.g. cúpla uair an chloig).

Tugadh faoi deara go mbíonn saincheisteanna dlí i gceist le teileachumarsáid idircheaptha a tharchur láithreach freisin a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar oibríocht idircheaptha leanúnach. Foráiltear le reachtaíocht roinnt Ballstát d’oibleagáidí sonracha don údarás a dhéanann idircheapadh teileachumarsáide, lena n-áirítear an oibleagáid aon chuid den ábhar idircheaptha a bhaineann le comhráite idir an duine atá faoi amhras agus an t-abhcóide cosanta a scriosadh nó an oibleagáid an duine idircheaptha a chur ar an eolas tar éis na himeachtaí coiriúla a thabhairt chun críche. Má dhéantar an teileachumarsáid idircheaptha a tharchur láithreach chuig an Stát eisiúna, is deacair ag an údarás forghníomhaitheach na hoibleagáidí thuasluaite a chomhlíonadh.

Phléigh na cleachtóirí an bhféadfaí an rialú ar idircheapadh ina dhiaidh sin a aistriú chuig an Stát eisiúna faoi Airteagal 30(5) den Treoir, ar dá bhun a fhéadfaidh an Stát forghníomhaitheach a thoiliú a chur faoi réir aon choinníollacha a chomhlíonfaí i gcás baile comhchosúil. Ós rud é go bhfuil tuairimí éagsúla ann faoin tsaincheist sin, i dtuarascáil amháin d'iarr an fhoireann meastóireachta ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin ar an leibhéal reachtach chun soiléiriú a dhéanamh ar na coinníollacha faoina bhféadfaí cead a thabhairt don Stát forghníomhaitheach a dhualgais maidir le rialú ar idircheapadh ina dhiaidh sin a aistriú chuig an Stát eisiúna, go háirithe i gcásanna a bhaineann le hidircheapadh a tharchuirtear láithreach chuig an Stát eisiúna.

### **12.7. Faireachas trasteorann**

Luaitear in aithris 9 nár cheart Treoir OIE a chur i bhfeidhm maidir le faireachas trasteorann dá dtagraítear sa Choinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen (CISA) chun feidhme.

Le hAirteagal 40 CISA, rialaítear faireachas trasteorann mar bheart comhair póilíneachta. Go deimhin, tá Airteagal 40 mar chuid de Theideal III, Caibidil 1, CISA, atá dírithe ar chomhar póilíneachta. De réir roinnt Ballstát, ní rialaítear le hAirteagal 40 CISA faireachas trasteorann arna ordú ag údaráis bhreithiúnacha, agus measann Ballstáit eile gur cúnámh breithiúnach atá i gceist le hiarraidh den sórt sin.

Léiríodh go soiléir leis an mbabhta seo meastóireachtaí go bhfuil fadhbanna go leor ag baint leis an ngaol idir Treoir OIE agus CISA i réimse an fhaireachais trasteorann agus go leanann na Ballstáit cineálacha éagsúla cur chuige agus cleachtas. Tá difríochtaí idir na Ballstáit i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil faireachas trasteorann ina bheart comhair póilíneachta nó ina bheart comhair bhreithiúnaigh (Airteagal 40 CISA) agus a mhéid atá sin amhlaidh. Dá thoradh sin, mhol roinnt foirne meastóireachta go dtabharfaí aghaidh ar an tsaincheist ar leibhéal reachtach an Aontais.

Measann roinnt Ballstát nach bhfuil san fhaireachas trasteorann ach cineál comhair póilíneachta, agus dá bhrí sin measann siad nach bhfuil an Treoir infheidhme. Tá Ballstáit eile den tuairim, áfach, gur féidir a mheas freisin gur beart imscrúdaitheach breithiúnach agus modh chun fianaise a bhailiú é faireachas trasteorann, agus dá bhrí sin ba cheart an Treoir a bheith infheidhme. Bunaithe ar aithris 9 den Treoir, tá sé ráite go sainráite ag roinnt Ballstát ina reachtaíocht trasuite nach dtagann faireachas trasteorann faoi raon feidhme OIE.



## MOLTAÍ

- *Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-áireoidh na Fiches Belges ar shuíomh gréasáin EJM faisnéis dhlíthiúil phraiticiúil atá cruinn agus cothrom le dáta faoi na bearta imscrúdaitheacha atá ar fáil ina gcórais náisiúnta faoi seach.*
- *Iarrtar ar an gCoimisiún, tar éis measúnú cuí a dhéanamh ar thorthaí na tuarascála seo agus tar éis an ionstraim dlí is iomchuí a shainiú, aghaidh a thabhairt, ar an leibhéal reachtach, ar an gceist maidir le rannpháirtíocht an chúis sa triail trí fhíschomhdháil ó Bhallstát eile.*
- *Ba cheart do na Ballstáit athmhachnamh a dhéanamh ar éisteachtaí a thabhairt d'fhinnéithe, do dhaoine atá faoi amhras nó do chúisithe atá lonnaithe i mBallstát eile trí fhíschomhdháil gan OIE a eisiúint.*
- *Moltar do na Ballstáit forálacha a dhéanamh ina gcuid reachtaíochta náisiúnta lena gceadófaí OIEnna a fhorghníomhú arna n-eisiúint chun faireachán a dhéanamh ar oibríochtaí baincéireachta nó airgeadais eile i bhfíor-am, dá dtagraítear in Airteagal 28(1)(a) den Treoir.*
- *Iarrtar ar an gCoimisiún togra reachtach a thíolacadh chun an coincheap 'idircheapadh teileachumarsáide' faoi Airteagail 30 agus 31 den Treoir a shoiléiriú, agus a shoiléiriú go háirithe an gcumhdaítear leis bearta faireachais mar shampla bugáil feithiclí, rianú GPS agus suiteáil earraí spaireachta. Mura gcumhdaítear, iarrtar ar an gCoimisiún togra reachtach a thíolacadh, a mhéid a mheastar gur gá sin, chun forálacha sonracha a thabhairt isteach lena rialófaí na bearta sin, lena n-áirítear sásra maidir le fógra a thabhairt atá cosúil le hAirteagal 31 le haghaidh cásanna nach bhfuil aon chúnamh teicniúil ag teastáil ón mBallstát ina bhfuil ábhar an bhirt lonnaithe.*

- *Iarrtar ar an gCoimisiún togra reachtach a thíolacadh chun cur i bhfeidhm na Treorach a shoiléiriú i ndáil le hAirteagal 40 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme. Ba cheart forálacha sonracha a thabhairt isteach chun a shoiléiriú an bhfuil feidhm ag an Treoir maidir leis an bhfaireachas trasteorann a dhéantar le modhanna teicniúla chun fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla agus faoi chuimsiú an chomhair bhreithiúnaigh.*





























